# Léigh Leabhar Gaeilge

2026

100 leabhar iontach d'aoiseanna idir 0–18

*100 great reads for ages 0–18*



LOVE LEABHAR GAEILGE

Foras na Gaeilge

leabhair pháistí éireann
ag cothú léitheoirí

Tá sé mar mhisean againne i **Leabhair Pháistí Éireann** grá don léitheoireacht a spreagadh i bpáistí agus daoine óga ar oileán na hÉireann, agus tacú leis an gceart atá ag gach páiste teacht ar leabhair iontacha. Roinnimid ár gcuid saineolais agus ár ndíograis leis na daoine fásta a threoraíonn iad agus a théann i gcion orthu, agus spreagaimid scoileanna agus suíomhanna luath-óige le cultúr dearfach a chruthú maidir le léitheoireacht agus léitheoireacht os ard. Cuirimid údair agus maisitheoirí chun cinn agus tacaímid leo dul i gcion ar a lucht léitheoireachta tríd an obair a dhéanaimid. Táimid iontach sásta a bheith ag comhoibriú le loveleabhargaeilge.ie ar 100 scothleabhar Gaeilge na bliana seo do pháistí agus do dhaoine óga suas le hocht mbliana déag d'aois.

**childrensbooksireland.ie**

**#EveryChildAReader**

**@kidsbooksirel**
**@childrensbooksireland**
**Children's Books Ireland**
**@kidsbooksirel**
**@childrensbooksireland.ie**


**Children's Books Ireland/Leabhair Pháistí Éireann**
First Floor, 17 North Great Georges Street,
Dublin 1, D01 R2F1
Telephone: 00 353 1 8727475
info@childrensbooksireland.ie
childrensbooksireland.ie
Charity Reg. No. 20040963
CHY. No. 12911



**Eagarthóir:**
Conall Mac Dhonnagáin

**Táirgeadh:**
Jenny Murray

**Dearthóir:**
fintanwall.com | WallHello

Foilsíodh an treoirleabhar seo i mí Feabhra 2026.

Faigheann **Children's Books Ireland/ Leabhair Pháistí Éireann** tacaíocht airgeadais ó **The Arts Council/An Chomhairle Ealaíon**,
70 Merrion Square,
Dublin 2, Ireland


Cuireann **Love Leabhar Gaeilge** le **Foras na Gaeilge** leabhair Ghaeilge chun cinn ar fud na hÉireann i measc léitheoirí, i siopaí leabhar, ar líne agus trí acmhainní agus ócáidí do dhuine ar bith a bhfuil spéis acu i leabhair Ghaeilge.

Tá Love Leabhar Gaeilge le Foras na Gaeilge ag iarraidh níos mó feasacht a bhaint amach go leabhair Ghaeilge agus mar thoradh ar seo tá muid ag súil go mbeadh níos mó daoine ag léamh agus ag ceannach leabhar Gaeilge.

Tá súil againn go mbainfidh sibh sult as an aistear nua seo linn agus muid ag cothú agus ag cumasú léitheoirí Gaeilge, idir óg agus aosta, fud fad na hÉireann agus níos faide i gcéin. Aimsigh an scéal is ansa leatsa anois trí chlárú don nuacht is déanaí inár nuachtlitir a bheidh á roinnt go rialta le léitheoirí!

**loveleabhargaeilge.ie**
**#LoveLeabharGaeilge**

**@loveleabhargaeilge**
**@loveleabharg**
**@LoveLeabharG**
**@love-leabhar-gaeilge**
**@loveleabhargaeilge.bsky.social**

Moltar aoisraon le gach léirmheas sa leabhrán seo. Tá siad sin bunaithe ar eolas ón bhfoilsitheoir chomh maith lenár mbreithiúnas féin ar an aois a gceapaimid go bhfuil an teanga agus an t-ábhar oiriúnach dó. I gcásanna áirithe beidh dhá aoisraon nó níos mó luaite le leabhar, m.sh. 12–14, 15+. Sna cásanna seo, airímid go bhfuil an leabhar oiriúnach d'aoisraon níos leithne. Níl sna haoisraonta seo ach treoir – ní féidir an leibhéal ceart a mheas do gach páiste. Má tá amhras ann faoin aoisraon, moltar do thuismitheoirí/caomhnóirí agus múinteoirí an leabhar a léamh sula ndéantar cinneadh faoi oiriúnacht an leabhair don pháiste nó don duine óg.

Rogha an Eagarthóra/Denotes Editor's Choice
Ar fáil mar chomhaid fuaime/Available as audio files

Léaráid clúdaigh le Paddy Donnelly ó *Na Trí Mhuicín*, scríofa ag Áine Ní Ghlinn. Futa Fata 2024


Cuireadh an treoirleabhar seo ar fáil le tacaíocht airgeadais ó Fhoras na Gaeilge

# Réamhrá/Introduction

A Chairde,

Tá an-áthas orm an treoirleabhar álainn seo – liosta nua de 100 leabhar do pháistí, iad uilig scríofa i nGaeilge – a chur os bhur gcomhair inniu. *Léigh Leabhar Gaeilge* an teideal atá ar an treoirleabhar agus tá sé le fáil ar fud na tíre.

Ta draíocht faoi leith ag baint leis na leabhair a léann muid mar pháistí. Go minic, is iad seo na leabhair a spreagann ár samhlaíocht an chéad uair.

Is caitheamh aimsire iontach í an léitheoireacht do dhuine ar bith, ach i gcás daoine óga, tá sé i bhfad níos tabhachtaí ná sin. Is bealach é dóibh a nglórtha féin a aimsiú agus glórtha eile a chloisteáil den chéad uair.

Nach bhfuil an t-ádh orainn mar sin go bhfuil buíon scríbhneoirí, maisitheoirí, aistritheoirí agus foilsitheoirí againn atá in ann leabhair Ghaeilge den scoth a chur ar fáil dúinn do chuile aois – ó leanaí nuabheirthe go daoine óga ocht mbliana déag d'aois.

As Laureate na nÓg, I'm delighted to introduce a fresh collection of 100 children's books written in Irish. This list celebrates the richness and imagination of Irish-language storytelling and offers something for every young reader – from those growing up speaking Irish at home to children learning through the language at school. It's also a wonderful starting point for parents and carers who might be new to Irish but want to share its stories with their families. Reading together is one of the most enjoyable ways to build confidence in a language – while journeying into other worlds created by some of our finest writers.

We've long understood that reading for pleasure not only supports children's learning but also helps them develop empathy and understanding for others. Now, research tells us something even more uplifting – that children who enjoy reading at the age of ten are also more likely to be happier overall. With so many wonderful books now available in Irish as well as English, there's no end to the joy, imagination, and possibilities that reading can bring them.

Comhghairdeas ó chroí le Leabhair Pháistí Éireann agus Love Leabhar Gaeilge le Foras na Gaeilge as acmhainn chomh saibhir agus chomh cuimsitheach a chruthú dúinn. Children's Books Ireland together with Foras na Gaeilge have done us an enormous service with this guide. So don't hesitate! Pick up a book in Irish for a child in your life and let the journey begin.

Le gach dea-mhéin,

**Patricia Forde**
***Laureate na nÓg, 2023–2026***






Download reading inspiration for your classroom here! Featuring 10 titles selected from *Léigh Leabhar Gaeilge* reading guide - resourced for use in primary schools.

For more great resources go to **childrensbooksireland.ie**

Is féidir inspioráid don léitheoireacht a íoslódáil anseo! Le 10 dteideal ó threoirleabhar léitheoireachta *Léigh Leabhar Gaeilge* agus acmhainní cruthaithe leo do bhunscoileanna.

Le tuilleadh acmhainní iontacha a aimsiú, téigh chuig **childrensbooksireland.ie**

Le tuilleadh léirmheasanna iontacha a aimsiú téigh chuig/For more great reviews go to

**childrensbooksireland.ie** & **loveleabhargaeilge.ie**

Is comhthogra é seo idir Leabhair Pháistí Éireann agus Foras na Gaeilge, le tacaíocht ó Love Leabhar Gaeilge.
This is a collaborative project between Children's Books Ireland and Foras na Gaeilge, supported by the Love Leabhar Gaeilge initiative.

the arts council an chomhairle ealaíon | cistiú na healaíona
LOVE LEABHAR GAEILGE
Foras na Gaeilge
leabhair pháistí éireann ag cothú léitheoirí

KPMG Children's Books Ireland Awards

# #ReadingHeroes

## A MHÚINTEOIRÍ – Ar mhaith leat grá don léitheoireacht a thabhairt do do dhaltaí?

Cláraigh inniu, saor in aisce, le páirt a ghlacadh sna Moltóirí Sóisearacha do Ghradaim Leabhair Pháistí Éireann. Spreag do dhaltaí le go mbeidh a nguthanna le cloisteáil agus buaiteoir Ghradam na Moltóirí Sóisearacha á roghnú.

Cabhróidh an rannpháirtíocht seo leis na daltaí i bpríomhréimsí den churaclam. Rachaidh siad i bhfeabhas sna réimsí seo ar fad: teanga ó bhéal, léitheoireacht, scríbhneoireacht, na hamharc-ealaíona, cumarsáid, dul i mbun oibre le daoine eile agus cruthaitheacht. Is slí spraíúil agus idirghníomhach é chun daltaí de gach aois a chur ag léamh.

### GHEOBHAIDH GACH GRÚPA:

**• Paca acmhainní digiteacha speisialta • Póstaer • Leabharmharcanna**

### CLÁRAIGH DO GHRÚPA CHUN IARRATAS A CHUR ISTEACH AR NA DEISEANNA SEO A LEANAS*

**• Cuairt ó údar nó ó mhaisitheoir ar do scoil • Cóipeanna de na leabhair atá ar an ngearrliosta • Ceardlann le ball foirne de chuid KPMG • Ticéid don searmanas bronnta duaiseanna i gCearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath le linn Fhéile Idirnáisiúnta Litríochta Bhaile Átha Cliath**


**Seans a bheith páirteach i bhfíseán gearr faoi na Moltóirí Sóisearacha *líon teoranta tacaíochtaí breise bunaithe ar riachtanas*

Gheofar tuilleadh eolais agus is féidir clárú ag **childrensbooksireland.ie**



SCANAIGÍ ANSEO

arts council / an chomhairle ealaíon – cistiú litríocht
KPMG
INTERNATIONAL LITERATURE FESTIVAL DUBLIN
LOTTERY FUNDED – arts council
leabhair pháistí éireann – ag cothú léitheoirí




DICK BRUNA aistrithe ag GABRIEL ROSENSTOCK

## MÍOFAÍ

DALEN ÉIREANN 2023 (CAIRTCHLÁR) 32LCH €6.95 ISBN 9781913573577

Aistriúchán deas ar an leabhar clasaiceach, *Miffy*, le Dick Bruna a céadfhoilsíodh in 1955. Scéal le dearcadh traidisiúnta é, ina mbuailimid leis an Uasal Ó Coinín agus a Bhean agus tagann Míofaí féin ar an saol. Taitneoidh na pictiúir ghleoite ildaite le léitheoirí óga. An chéad leabhar sa tsraith. *A translation of the classic* Miffy, *about how Miffy's parents met and the birth of the little rabbit. First in a series.* (Aois 0–2)




TADHG Mac DHONNAGÁIN maisithe ag STEVE SIMPSON

## DAINÍN: BOG CHUN SIÚIL!

FUTA FATA 2020 (CAIRTCHLÁR) 12LCH €8.95 ISBN 9781910945629

Rachaidh an scéal simplí agus na pictiúir tharraingteacha i bhfeidhm ar an léitheoir óg, ach tá luach láidir oideachasúil ag baint leis an leabhar freisin. Baineann an t-údar úsáid as turas Dhainín go dtí an zú mar bhealach taitneamhach chun ainmneacha ainmhithe fiáine, na bealaí éagsúla gluaiseachta atá acu, agus dobhriathra suímh agus treo a chur i láthair an léitheora. *Learn about animals and how they move on Dainín's trip to the zoo. Part of a series.* (Aois 0–2)





SOPHIE BEER aistrithe ag SHANNA Ní RABHARTAIGH agus GILLIAN Nic IONMHAIN

## CROÍ AN TEAGHLAIGH AN GRÁ

AN GÚM FORAS NA GAEILGE 2023 (CAIRTCHLÁR) 24LCH €9.50
ISBN 9781857919899

Ildaite nua-aimseartha, léirítear anseo cineálacha éagsúla teaghlach, bíodh sin beirt mhamaithe nó aithreacha, tuismitheoirí aonair nó tuismitheoirí ar daoine de dhath iad. Tá abairt amháin ar gach dhá leathanach a deir cad is grá ann. Tá codarsnacht mhór sna dathanna. Leabhairín suaimhneach am codlata do theaghlaigh le leanaí óga. *A translation of* Love Makes a Family, *this diverse book teaches us about different types of families and how love binds them all.* (Aois 0–4)




JANE LANDY aistrithe ag GABRIEL ROSENSTOCK maisithe ag SHEENA DEMPSEY

## CLAUS CLAMHSÁNAÍ

GOLDEN KEY PUBLISHING 2023 (BOG) 32LCH €10.00 ISBN 9781999829377

Is dragan é Claus Clamhsánaí a thagann ar cuairt lena bholg a líonadh agus a thosaíonn ag clamhsán nuair nach dtugtar bia dó. Is breá leis na páistí é ach bíonn sé de shíor ag cur as do Mhamaí agus Daidí. Rachaidh an scéal seo go mór i bhfeidhm ar pháistí ocracha agus ar thuismitheoirí atá curtha as a meabhair. Ainmníodh Sheena Dempsey do ghradam ón Institute of Designers in Ireland as na léaráidí sa leabhar seo agus an t-ainmniúchán sin tuillte go maith aici. *In this translation of* Gringer the Whinger, *Claus Clamhsánaí (the dragon) drives Mamaí and Daidí mad.* (Aois 0–4)




ERIKA MCGANN aistrithe ag MUIREANN Ní CHÍOBHÁIN
maisithe ag GERRY DALY

## PUIFÍN BEAG AGUS AN DORCHADAS

THE O'BRIEN PRESS 2025 (BOG) 32LCH €11.99 ISBN 9781788495639

Is breá le Puifín Beag an dorchadas toisc gurb am deas é le dul a chodladh ina nead dheas theolaí, ach tá an dorchadas ródhorcha do Phuifín Óg. Le cabhair ó ainmhithe eile, déanann Puifín Beag iarracht a cara nua a chur ar a chompord. Tarraingíonn na léaráidí lándaite aird na léitheoirí le flóra agus fána an chósta. Is scéal é seo a thógfadh do chroí, agus chuirfeadh sé i gcuimhne duit d'óige fosta! *A translation of* It's Too Dark, Puffling, *Puifín Beag comforts her young friend in the dark.* (Aois 0–4)





MUIREANN Ní CHÍOBHÁIN maisithe ag RÓISÍN HAHESSY

## BEARRADH GRUAIGE d'EOINÍN

FUTA FATA 2024 (CAIRTCHLÁR) 12LCH €8.95 ISBN 9781915684219

Is minic a bhíonn drogall ar pháistí óga bearradh gruaige a fháil. Agus cén fáth nach mbeadh? Siosúr géar, trup millteanach ón triomadóir agus strainséir ag cur isteach ort le horduithe. Ach leis an leabhar beag gleoite seo, beidh tachráin ábalta cuairt a thabhairt ar an ngruagaire roimh ré in éineacht le mamaí nó daidí agus uainín cróga lomrach. Tá na leathanaigh breactha le sonraí beaga suimiúla fosta – is greannmhar an radharc de héin ag tógáil neide in olann thiubh na caorach! *Especially perfect for children who might be nervous about going to the hairdresser – they can join Eoinín the sheep as he bravely gets his hair cut. Part of a series.* (Aois 0–4)





CÁIT agus ANDO

## NANO AGUS NA DATHANNA

AN tSNÁTHAID MHÓR 2025 (CAIRTCHLÁIR) 30LCH €6.95 ISBN 9781912929399

Fágann Nano slán ag an bhfaoileán cois cuain sula dtéann sé ag taisteal faoin bhfarraige agus é ag féachaint ar na dathanna geala spleodracha atá ar na créatúir áille faoin uisce. Níl ach focal amháin ar an gcuid is mó de na leathanaigh, rud a chiallaíonn go seasann na léaráidí amach don léitheoir óg. Tá simplíocht álainn ag baint leis an leabhar seo agus leis an tsraith ina iomláine. *Nano travels underwater to admire the various colours of the fish in this boardbook. Part of a series.* (Aois 0–4)




SADHBH ROSENSTOCK maisithe ag CIARA Ní DHUINN

## TEACH TEIDÍ

PICNIC PRESS 2023 (BOG) 44LCH €16.95 ISBN 9781399943253

Amhráin agus rannta nuachumtha do leanaí óga i leabhar mealltach nasctha le cód QR. Téimid ar thuras samhlaíochta le Teidí, buailimid le carachtair éagsúla shuimiúla. Tá intreoir gairid ag tús gach amhrán. Tá íomhánna tarraingteacha gleoite sa leabhar. Neartaíonn siad na hamhráin agus léiríonn siad ciall na bhfocal. Tá athrá sna hamhráin agus iad éasca le cur de ghlanmheabhair. Iontach sa charr, sa teach nó sa seomra ranga! *Go on a singing, rhyming adventure into the imagination with Teidí. First in a series.* (Aois 0–4)




SADHBH ROSENSTOCK maisithe ag CIARA Ní DHUINN

## AN NOLLAIG LE TEIDÍ

PICNIC PRESS 2024 (BOG) 32LCH €12.95 ISBN 9781399998796

Leabhar pictiúr álainn simplí é seo do pháistí óga ag druidim leis an Nollaig. Taobh le draíocht na Nollag, tá téamaí an ghrá agus an teaghlaigh i gcroílár an scéil. Cuireann na léaráidí áille ildaite go mór leis, ag mealladh aird na bpáistí agus ag cur go mór leis an bplota. Mar bhuntáiste breise, tá leathanaigh dhathúcháin ag deireadh an leabhair. Molaim go mór é do theaghlaigh atá ag iarraidh leabhar Nollag taitneamhach a fháil a mhairfidh ar feadh an tséasúir ar fad. *Readers can personalise this book with the colouring pages at the back, after they follow Teidí, Tomás and Tríona to discover the magic of Christmas. Part of a series.* (Aois 0–4)




RISTEARD Mac LIAM maisithe ag ANNA SHABALTII
ceol le hANNA JORDAN

## FUAIMEANNA NA FEIRME

MY IRISH BOOKS 2024 (CAIRTCHLÁIR) 12LCH €15.95 ISBN 9781739528331

Is leabhar fuaimdreacha é seo do dhaoine óga (agus a dteaghlaigh). Tá sé bunaithe ar an timpeallacht, mar sin beidh deis iontach ag an léitheoir nithe éagsúla a fhoghlaim faoin gcomhshaoil. Tá friotal agus saibhreas na Gaeilge lárnach sa leabhar. Tá rím spreagúil fite fuaite tríd agus taitneoidh an t-athrá le páistí. Tá an ceol agus na fuaimeanna iad féin go hálainn. Cuireann an ealaín phrionta go mór leis an scéalaíocht agus réitíonn sé go maith leis an téacs agus leis an bhfuaim. *The reader's mind will wander to the countryside as they listen to the sounds of the farm. (Batteries included)* (Aois 0–4, 5–7)




FEARGHAS Mac LOCHLAINN maisithe ag PADDY DONNELLY

## AN SLIPÉAR GLOINE

FUTA FATA 2022 (CRUA) 32LCH €12.95 ISBN 9781910945711

Tá Luaithrín in umar na haimiléise – níl cead aici dul chuig an mbál. Tugtar saol nua do sheanscéal Luaithrín – nó Cinderella – sa leabhar beomhar seo. Is léir go bhfuil an-chumas teanga san údar, ar scríbhneoir agus cumadóir amhrán é. Téacs liriciúil véarsaíochta atá i gceist agus tá an scéal ag croitheadh le greann agus le himeartas focal. Líonann léaráidí lonracha físiúla Paddy Donnelly an leathanach, agus intinn an léitheora. *The tale of* Cinderella *gets a new lease of life in this vibrant retelling.* (Aois 0–4, 5–7)





MUIREANN Ní CHÍOBHÁIN maisithe ag BRIAN FITZGERALD

## GEALACH AGUS GRIAN

FUTA FATA 2023 (CRUA) 32LCH €10.95 ISBN 9781915684073

Buailimid le Sol agus Lúna ag am dul a chodladh agus iad ag fanacht le scéalta difriúla a chloisteáil ó Mhamaí. Is cúpla iad atá an-éagsúil óna chéile. Déanann Mamaí cinneadh scéal a léamh faoi bheirt eile atá éagsúil óna chéile, Grian agus Gealach. Scéal lán le greann agus friotal aoibhinn, cuireann na léaráidí go mór leis an leabhar. Baineann an leabhar le bheith ag fás suas agus cairdeas tríd síos. *A bedtime story about the sun and the moon not getting along until they learn to work together.* (Aois 0–4, 5–7)




ÁINE Ní GHLINN maisithe ag MR ANDO

## SAINTÍ SA BHAILE

An tSNÁTHAID MHÓR 2024 (CRUA) 32LCH €12.95 ISBN 9781912929436

Inste i rím rithimiúil agus éasca le léamh, feicimid Saintí ag filleadh ar a bhaile sa Mhol Thuaidh i ndiaidh dó gliondar croí a chur ar pháistí an domhain. Tá mothúchán bríomhar ceiliúrtha le brath ó na léaráidí geala fuinniúla. Tá roinnt de na leathanaigh leagtha amach i stíl ghreannáin a thugann neart le bheith ag breathnú air do léitheoirí óga agus atá an-tarraingteach do léitheoirí beagán níos sine freisin. Tá sé foirfe go speisialta le léamh ar Oíche Nollag chun paistí sona sceitimíneacha a chur faoi shuain. *Join Santa, Mrs Claus, the elves and other residents of the North Pole as they celebrate Christmas after delivering all of the presents.* (Aois 0–4, 5–7)




EMER Ní SCOLAÍ maisithe ag TATYANA FEENEY

## MO CHUID UIRLISÍ CEOIL

MY IRISH BOOKS 2023 (CAIRTCHLÁIR) 14LCH €12.95 ISBN 9781739528300

Is leabhar fuaime álainn í seo a dhéanann cur síos simplí ar phríomh-uirlisí ceoil na hÉireann. Tá uirlis dhifriúil ar gach leathanach agus le gach ceann acu tá sampla deas bríomhar den uirlis sin le cloisteáil. Osclaítear súile an léitheora óig don cheol agus do chultúr na hÉireann ar bhealach atá an-tarraingteach. Tá na pictiúir an-nádúrtha agus baintear úsáid as dathanna éagsúla chun an scéal a thabhairt chun solais. Bainfidh léitheoirí óga an-taitneamh as an leabhar seo, ceann álainn go cinnte. *This sound book will introduce the reader to the musical instruments of Ireland, accompanied by beautiful audio samples. (Batteries included)* (Aois 0–4, 5–7)




SADHBH ROSENSTOCK maisithe ag CIARA Ní DHUINN

## NELL AGUS JOE I dTEACH MHAMÓ

PICNIC PRESS 2025 (BOG) 36LCH €12.95 ISBN 9781036913540

Tá Nell agus Joe le fanacht thar oíche i dteach Mhamó ach tagann amhras orthu gan Mamaí. Tá gach leathanach lán le grá an teaghlaigh agus tá sé scríofa i nGaeilge shoiléir bheacht le léaráidí gleoite. Bainfidh páistí óga taitneamh as breathnú ar thithe na gcoiníní faoin talamh. Tá an ceol lárnach ann: déanann gach carachtar iarracht amhrán codlata Mhamaí a chanadh ar bhealach difriúil! *Nell and Joe become nervous at Mamó's house when they realise Mamaí won't staying with them.* (Aois 0–4, 5–7)




SADHBH DEVLIN maisithe ag BRIAN FITZGERALD

## AMUIGH FAOIN SPÉIR

FUTA FATA 2022 (CRUA) 25LCH €10.95 ISBN 9781910945940

Tá fonn ar Rua agus Mamaí a scíth a ligean ag an deireadh seachtaine ach tá malairt tuairime acu faoin mbealach is fearr leis sin a dhéanamh. Tá an-bhéim curtha ar an dúlra, agus ar an leas ar féidir a bhaint as, chomh maith leis an stór mór gníomhaíochtaí ar féidir a dhéanamh amuigh faoin spéir. Nochtar an cion agus an grá atá idir an mháthair agus a mac agus iad i gcomhluadar a chéile. Tá na léaráidí thar cionn le dathanna geala an fhómhair le feiscint tríd an scéal. Scéal suaimhneach é seo a chuirfidh gliondar croí ort. *The focus is on nature and all of the activities we can do outside as Rua and Mamaí find different ways to enjoy the weekend.* (Aois 0–4, 5–7, 8–10)




EMMA BASKIN maisithe ag SERENA SCULLY

## AN SNAG BREAC ILDAITE

LeabhairCOMHAR 2023 (BOG) 24LCH €13.00 ISBN 9781739255121

Scéal gleoite ina ndéantar iniúchadh ar dhathanna an dúlra agus coincheap na féinmhuiníne. Foghlaimíonn an snag breac nach bhfuil sé chomh leamh agus a cheapann sé. Tarraingítear an léitheoir isteach le léaráidí iontacha. Baintear úsáid as cló ildaite chun na dathanna a bhéimniú. Tagann na gnéithe scríofa agus na hamhairc le chéile go deas. Tá simplíocht álainn sa téacs, agus athrá a chabhraíonn le léitheoirí óga. Músclaítear ionadh an léitheora sa timpeallacht nádúrtha, feictear réimse dathanna agus teagasc dearfach croíúil. *Admire the colourful beauty of nature in this story about a magpie becoming self-confident.* (Aois 2–4)




SADHBH DEVLIN maisithe ag RÓISÍN HAHESSY

## GEANSAÍ OTTÓ

FUTA FATA 2020 (BOG) 32LCH €9.95 ISBN 9781910945599

Is breá le hOttó beag gléasadh go faiseanta, agus is breá lena Mhamó geansaithe thar a bheith neamhfhaiseanta a chniotáil dó. Ach lá amháin nuair a théann Ottó ar thuras fada in aimsir ghránna chun an cheist sin a phlé le Mamó, tuigeann sé luach na n-éadaí 'scríobachscrábach' a dhéanann sí dó. Scéal chomh teolaí le geansaí olla atá sa leabhar gleoite seo, a dhéanann ceiliúradh ar ghrá ó ghlúin go glúin, agus ar an gcniotáil. Cuireann na léaráidí galánta go mór le croíúlacht an scéil. *Otto doesn't like the unfashionable jumpers his granny gives him but begins to understand their value when he goes to see her in bad weather.* (Aois 2–4, 5–7)





SADHBH DEVLIN maisithe ag BRIAN FITZGERALD

## OÍCHE MHAITH, A GHRÁ!

MY IRISH BOOKS 2025 (CRUA) 14LCH €12.95 ISBN 9789998778832

Scéilín gleoite faoin dúshlán a bhaineann le páistí a shocrú síos chun codladh. Aithneoidh gach tuismitheoir an leanbh nach bhfuil réidh nuair atá am luí tagtha. Leabhar é seo a chuirfeadh go mór le gnátham codlata do pháistí óga. Tá rím álainn simplí sa scéal agus cnaipí fuaime ann le gur féidir éisteacht leis an scéal chomh maith len é a léamh. *This rhyming soundbook follows a mother trying to get her child to bed – a challenge every adult will recognise!* (Aois 2–4, 5–7)





CLAIRE M. DUNNE maisithe ag ANITA FOLEY

## COISCÉIM, COISCÉIMÍN

LeabhairCOMHAR 2025 (BOG) 32LCH €13.00 ISBN 9781739512996

Nuair a sciobann Laoise Luch blúirí cáise as málaí siopadóireachta, bíonn sí ag iarraidh an cháis is fearr a fháil dá bialann. Faraor, bíonn sé deacair an cháis a aithint ón ngallúnach. Cuma an-bhlasta air ach cuma céard a chuireann Laoise leis, ní féidir léi an sobalbhlas uafásach a cheilt. Scéal spraíúil snasta álainn é seo – bainfidh idir thuismitheoirí agus pháistí sult agus spraoi as. *Laoise runs a cheese restaurant for her fellow mice, but runs into trouble when she mistakes soap for a new variety of cheese.* (Aois 2–4, 5–7)





OEIN DeBHAIRDUIN maisithe ag OLYA ANIMA

## AN DRÚCHTÍN AGUS AN SEILIDE

SKEIN PRESS agus LITTLE ISLAND BOOKS 2023 (CRUA) 32LCH €18.99
ISBN 9781915071316

Scéal béaloidis de chuid an Lucht Siúil atá san fhoilseachán seo, faoi bheirt drúchtíní ar dearthaireacha iad i ré sula raibh seilidí ar an saol. Tá fonn ar dhuine amháin acu blaosc agus baile a bheith aige, ach tá fonn ar an duine eile a bheith fiáin gan srianta. De réir a chéile aithníonn siad an gaol atá eatarthu in ainneoin na n-éagsúlachtaí. Fabhalscéal álainn a chothódh plé faoin éagsúlacht agus a chuirfidh le heolas agus le tuiscint léitheoirí óga. *A translation of* The Slug and the Snail, *this fable from the Irish Traveller community teaches us about difference and acceptance.* (Aois 2–4, 5–7)





DEBBIE DEEGAN aistrithe ag FEARGHAS Mac LOCHLAINN maisithe ag BRONAGH LEE

## AN CRANN COIS NA TRÁ

CLÓ IAR-CHONNACHT 2023 (BOG) 86LCH €10.00 ISBN 9781784442590

Insíonn an pictiúrleabhar seo scéal Katie an bheach agus a cairde, agus iad ag iarraidh an Crann Cois na Trá a shábháil. Cuirtear an-bhéim ar luach agus áilleacht na timpeallachta agus an nádúir sa leabhar. Tá draíocht agus samhlaíocht le brath sa leabhar, ó na léaráidí agus na dathanna áille go dtí an scéal féin. Éiríonn thar barr le Fearghas Mac Lochlainn leagan fileata Gaeilge a scríobh den scéal. Is foilseachán snasta tarraingteach é seo a tharraingeoidh daoine óga isteach i ndomhan eile ar fad. *A translation of* The Tree by the Sea, *this story is certain to encourage young readers to look after the planet.* (Aois 2–4, 5–7)




TATYANA FEENEY

## SUAS SA SPÉIR/HEIGHT FOR HIRE

MY IRISH BOOKS 2025 (CRUA) 32LCH €10.99 ISBN 9789998778856

Cairdeas neamhghách agus réiteach neamhghnách ar fhadhb curtha in iúl ag léaráidí draíochtúla a osclóidh doras na samhlaíochta do gach léitheoir idir óg agus aosta. Sa phictiúrleabhar gleoite seo gan focail feicimid sioráf ag breathnú go fiosrach amach ón zú. Nuair a théann eitleog i bhfostú i gcrann cé eile a bheadh ard go leor le teacht i gcabhair ar an úineir óg? Tá stíl agus draíocht ann a labhraíonn leis an leanbh laistigh – cuma cén aois atá ag an leanbh lasmuigh! *A silent book about a giraffe who's height comes in handy.* (Aois 2–4, 5–7)




PATRICIA FORDE maisithe ag ÚNA WOODS

## CITÍ CEARC

FUTA FATA 2025 (CRUA) 24LCH €10.95 ISBN 9781915684202

Seo atheagrán ceiliúrtha le léaraidí nua, faoi Chití Cearc agus an ubh ar iarraidh. Scéal breá simplí é i bhfoirm pictiúrleabhar le flapaí. Tá na léaráidí lán le beocht agus treoraíonn súile na gcarachtar tríd an scéal muid. Is léir an scil atá ag Patricia Forde focail a chur i mbéal na gcarachtar agus beocht a chur sna focail chéanna. *Cití wakes up to find that one of her eggs is missing and asks her friends for their help to find it.* (Aois 2–4, 5–7)




FEARGHAS Mac LOCHLAINN maisithe ag PADDY DONNELLY

## PUISÍN NA mBRÓG

FUTA FATA 2025 (CRUA) 48LCH €14.95 ISBN 9781915684226

Is deacair do bheatha a shaothrú agus tú ag brath ar phuisín – bhuel, mura bhfuil caint, gliceas agus buataisí breátha aige, cosúil le laoch an scéil seo! Tá ceol agus rithim na filíochta ag croílár an leabhair. Tagann beocht ar na focail nuair a chloistear iad. Beidh tú sáite san áilleacht dhaite fhairsing a líonann achan spás le carachtair ollmhóra lán d'fhuinneamh. *This poetic picturebook retells the tale of* Puss in Boots, *and matches the character's well-known charm and wit.* (Aois 2–4, 5–7)




ÁINE Ní GHLINN maisithe ag PADDY DONNELLY

## NA TRÍ MHUICÍN

FUTA FATA 2024 (CRUA) 32LCH €12.95 ISBN 9781915684110

Fiú má tá an bunscéal ar eolas agat, tá saothar ealaíne úr cruthaithe ag an údar agus an maisitheoir atá chomh bríomhar agus ildaite leis an chéad tuar ceatha i ndiaidh geimhridh fhada. Is spraíúil iad na muca agus is scanrúil é an mac tíre. Beidh léitheoirí óga ag béicíl ar na muicíní agus iad aineolach ar an dainséar seo ar leac an dorais. Tá an rím agus an rithim tógálach agus beidh fonn ort an scéal a léamh arís agus arís eile. Clasaic úr do leabhragáin teaghlaigh. *This poetic retelling of* The Three Little Pigs *is sure to have young readers shouting 'He's behind you!'.* (Aois 2–4, 5–7)




ÁINE Ní GHLINN maisithe ag MR ANDO

## ÓSTÁN NA bhFEITHIDÍ

AN tSNÁTHAID MHÓR 2023 (CRUA) 32LCH €12.99 ISBN 9781912929375

Léiriú agus ceiliúradh é seo ar fheithidí difriúla a mhaireann timpeall orainn. Feicimid feithidí éagsúla ag dul isteach san óstán le dreas codlata a dhéanamh, agus 'teaghlaigh' feithidí ina gcodladh go séimh neamhurchóideach. Dánta beaga a úsáideann an t-údar chun na feithidí a chur in aithne dúinn agus a léiriú ar bhealach gleoite. Stíl shimplí a chleachtar in ealaín an leabhair seo. Aithneoidh léitheoirí an stíl ó *Ag Buzzáil sa Ghairdín* agus má thaitin an leabhar sin leat, beidh grá agat don cheann seo chomh maith. *Follow the bugs as they find their rooms in the bug hotel in this bedtime story.* (Aois 2–4, 5–7)




GEMMA Nic CONCHRA

## CAOILTE CAILLTE SA MHÚSAEM

ÉABHLÓID 2022 (CRUA) 36LCH €12.00 ISBN 9781916047044

Is cinnte nach bhfuil saol leadránach ag Caoilte, ach is lá fíor-shuimiúil ar fad lá thuras scoile go Músaem Stair an Dúlra. Tá ealaín den scoth ar fáil sa leabhar seo – is fiú go leor ama a chaitheamh ag fiosrú gach aon leathanach, tá an méid sin mionrudaí le feiceáil. Leabhar spraíúil fíor-thaitneamhach atá ann, mar gheall ar na léaráidí leithleacha tarraingteacha. Ar an gclúdach istigh, fiú, tá pictiúr de dhoras le feiceáil, leis na focail 'níl cead isteach' scríofa ar barr – leid den saghas pleidhcíochta atá le teacht! *Caoilte goes on a school trip and gets lost in the museum, but perhaps some strange creatures will help him find his way.* (Aois 2–4, 5–7)





GABRIEL ROSENSTOCK maisithe ag TARSILA KRÜSE agus UNA WOODS

## PÚCAÍ SCHMÚCAÍ! AGUS DÁNTA EILE

FUTA FATA 2023 (CRUA) 58LCH CRUA 47LCH €16.95 ISBN 9781910945575

Athchnuasach dánta le Gabriel Rosenstock agus blianta caite aige ag cleachtadh a cheirde. Buailtear le púcaí, eachtrán ocrach, cangarú caillte agus damhán alla scanraithe. Bainfidh éisteoirí sult as rím agus athrá – tá achan dán nasctha le taifead proifisiúnta. Tarraingíonn léaráidí gealgháireacha aird ar charachtair, mothúcháin agus atmaisféar na ndánta. Ní thitfidh éisteoirí faoi leadrán – níl eagla ar an fhile triail a bhaint as foirmeacha éagsúla. *Meet aliens, ghosts, spiders and kangaroos in this new collection from renowned poet Gabriel Rosenstock.* (Filíocht, Aois 2–4, 5–7)





MÁIRE ZEPF maisithe ag PADDY DONNELLY

## MÍP AGUS BLÍPÍN

FUTA FATA 2022 (CRUA) 25LCH €10.95 ISBN 9781910945995

Ábhar iontais atá anseo do pháistí le spéis sa spás. Caithfear go leor ama ag iniúchadh na bpictiúr, le mionsonraí le feiceáil in obair na n-eolaithe agus in eachtraí Mhíp agus Bhlípín ar Mars. Tá an Ghaeilge sa leabhar go hálainn agus beifear ag iarraidh an scéal a léamh arís agus arís eile le gach aon ní a thógáil isteach. Scéal atá lán le dóchas croí, agus a léiríonn an tábhacht a bhaineann le fáilte a chur roimh chairde nua i do shaol. *A sequel to* Míp, *readers will be scanning for all of the little details in the illustrations as the Mars-based robot finds a friend.* (Aois 2–4, 5–7)




MÁIRE ZEPF maisithe ag MR ANDO

## RITA AGUS AN DINEASÁR

AN tSNÁTHAID MHÓR 2023 (BOG) 32LCH €9.99 ISBN 9781912929351

Téann an rógaire beag rua, Rita, ag eachtraíocht léi. Tosaíonn Ríta ag smaoineamh ar an gcineál peata ar mhaith léi, ach níl gnáthpheata leadránach uaithi – ba mhaith léi dineasár! Is scéal iontach greannmhar é seo ina dtugtar léargas den scoth ar an bpróiseas barúil smaointeoireachta a bhíonn ag páistí agus iad ag tabhairt faoi chinntí. Tá léaráidí áille, daite agus fairsinge ann a chuireann fáilte roimh an léitheoir a bheith i lár an aonaigh san eachtraíocht ar fad le Rita. *Rita wants a pet – but not any normal pet, she wants a dinosaur! Part of a series.* (Aois 2–4, 5–7)





DAVID ALMOND aistrithe ag TADHG Mac DHONNAGÁIN maisithe ag P.J. LYNCH

## CAOIMHÍN AGUS NA LONTA DUBHA

FUTA FATA 2025 (BOG) 32LCH €10.95 ISBN 9781915684325

Tá luach na timpeallachta agus meas ar an dúlra fite fuaite san athinsint chroíúil seo ar fhinscéal Naomh Caoimhín. Nuair a deir na manaigh gur cheart dó fás suas agus a chuid saoirse a ghéilleadh, éiríonn Caoimhín míshona - go dtí go dtagann dhá lon dubh le nead a thógáil ina lámha. Cruthaíonn na léaráidí atmaisféar álainn agus déanann an téacs an léitheoir a thumadh i stair an scéil in aois na manach. *A translation of* Kevin and the Blackbirds, *St Kevin is pressured to 'grow up', but his patience and respect for animals shines through.* (Aois 5–7)




GEMMA BREATHNACH maisithe ag TARSILA KRÜSE

## PERCY PÉACÓG

FUTA FATA 2018 (BOG) 32LCH €9.50 ISBN 9781910945414

Scéal cumhachtach simplí é seo a dhéanann plé ar dheacrachtaí páistí agus iad ag tosú ar scoil. Tugann an scéal teachtaireacht dhearfach do pháistí gur chóir na rudaí atá speisialta fúthu a cheiliúradh. Tá dathanna mealltacha geala in úsáid síos tríd an leabhar. Tá nasc éifeachtach idir an téacs agus na híomhánna; gluaiseann siad le chéile ó thús deireadh an scéil. Leanaimid Percy, carachtar atá faiteach ach a léiríonn crógacht agus féinmhuinín faoi dheireadh an scéil. Beidh sé iontach furasta do pháistí ionbhá a bheith acu leis. *A story about a peacock who learns to celebrate his differences, this book is perfect for any child who is nervous about going to school.* (Aois 5–7)




AILEEN CROSSLEY aistrithe ag EOGHAN Mac GIOLLA BHRÍDE

## AN ÁIT A nEITLÍONN NA MADAÍ CRAINN

ÉABHLÓID 2025 (CRUA) 32LCH €14.00 ISBN 9781914482267

Is pictiúrleabhar álainn draíochtúil é seo, scríofa ar nós litir ón dúlra le grá agus spreagadh a thabhairt do pháiste brónach. Téann Molaí agus a madra beag ar aistear agus tugann siad cuairt ar charachtair spraíúla eile ó dhúlra na hÉireann. Is féidir aistear na gcarachtar éagsúil ón scéal a leanúint le gach léamh lena scéalta beaga siúd a fheiceáil. Leabhar suaimhneach samhlaíoch i nGaeilge shaibhir Uladh. *Molaí is sad about the world, so Lus na mBan Sí brings her on an adventure in the natural world.* (Aois 5–7)




PAULINE DEVINE maisithe ag RÓISÍN CURÉ

## Ó BHÓ, NA BEACHA!

AN GÚM 2021 (CRUA) 40LCH €8.50 ISBN 9781857919714

Is scéal barrúil é seo faoi eachtra a tharla do choirceog bheach i ngairdín Mhamó. Scriostar an choirceog agus caithfidh Mamó agus meitheal ainmhithe teacht ar réiteach ionas nach mbaileoidh na beacha leo. Léiríonn pictiúir áille an caidreamh speisialta atá ag Mamó leis na beacha bochta, caidreamh ar cheart dúinn ar fad a bheith againn leis an gcomhshaol. Tá pearsantachtaí láidre ag na carachtair ar fad agus creidfidh an léitheoir iontu go hiomlán. Is leabhar gleoite greannmhar é seo a spreagfaidh gáire ionat agus tú ag léamh. *When a beehive is destroyed, Mamó and some friendly animals come to the rescue in this humorous but environmentally important story.* (Aois 5–7)





SADHBH DEVLIN maisithe ag RÓISÍN HAHESSY

## BEAG BÍDEACH

FUTA FATA 2018 (BOG) 32LCH €9.50 ISBN 9781910945407

Scéal faoi na siblíní Nína agus Jimí. Úsáideann an príomhcharactar, Nína, draíocht chun í féin a dhéanamh beag agus le héalú óna deartháir beag, Jimí, chuig a teach bábóige! Téamaí iad seo atá coitianta i saol an pháiste óig. Úsáidtear na frásaí deasa 'beag bídeach' agus 'mór millteach' go minic tríd an scéal, rud a chuidíonn le páistí agus iad ag tosú amach ar an léitheoireacht. Cuireann léaráidí geala tarraingteacha comhaimseartha Róisín Hahessy go mór leis an scéal. *A magical book about a girl who wishes to be small enough to fit into her doll's house, but starts to regret her wish.* (Aois 5–7)





OLIVIA HOPE aistrithe ag TADHG Mac DHONNAGÁIN
maisithe ag DANIEL EGNÉUS

## BÍ FIÁIN, A CHROÍ

FUTA FATA 2024 (BOG) 24LCH €10.95 ISBN 9781915684103

Músclaíonn páiste i measc na bhféileacán agus casann sé ar ainmhithe éagsúla. Is cuireadh é an leabhar seo chun dul ag féachaint ar an domhan, in éineacht le daoine eile nó i d'aonar. Chuirfeadh sé fonn ar léitheoir dul amach ag foghlaim faoi rudaí nua. Tá an ealaín go hálainn ar fad. Léimeann muid ó shuíomh go suíomh: thuas san aer, thíos faoin uisce, ag dreapadh sna crainn. Tá an t-aistriúchán ar fheabhas agus sháraigh siad an dúshlán a bhain leis an rím a choimeád. *A translation of* Be Wild, Little One*, this story will instil an appreciation for nature in young readers.* (Aois 5–7)




NEIL SHARPSON maisithe ag DAN SANTAT

## NÍL ÉISC LE TRUST

AN GÚM 2025 (BOG) 40LCH €12.00 ISBN 9781837200009

Ar thug tú riamh faoi deara go raibh rud éigin sleamhain faoi na héisc? Ní raibh dul amú ort! Leabhar grinn é seo, a thosaíonn amach amhail is gur leabhar eolais atá ann. Tá léaráidí lándaite breátha thíos tríd, go háirithe radharcanna na farraige, na héisc is na siorcanna ina measc. Tá Gaeilge bhinn ann nach mbeadh róchasta do léitheoirí neamhspleácha nó do léitheoirí ní b'óige le cúnamh. *This picturebook will have adults and children laughing together as they learn an important lesson* – Don't Trust Fish! (Aois 5–7)





MARIE WHELTON maisithe ag FRANK ENDERSBY

## OÍCHE SHAMHNA

LeabhairCOMHAR 2024 (CRUA) 28LCH €10.00 ISBN 9781739512927

Rachaidh léitheoirí ar thuras draíochtúil leis an dán gutha tarraingteach seo. Leagtar béim ar bheocht agus spraoi na féile do pháistí sna véarsaí snasta. Baintear úsáid as Gaeilge shaibhir agus mínítear na focail sa ghluais ar chúl an leabhair. Is féidir le páistí duine de na carachtair osnádúrtha a roghnú agus na véarsaí a bhaineann leo a léamh os ard go héasca. Tugtar leathanach amháin do gach véarsa agus líonann léaráid álainn an leathanach in aice leis. Ar fáil mar chlosleabhar le cód QR. *Especially suited for reading aloud, this Halloween poem will have readers acting out the characters' lines.* (Aois 5–7)





BRIDGET BHREATHNACH
maisithe ag SHONA SHIRLEY MACDONALD

## CLUASA CAPAILL AR AN RÍ

FUTA FATA 2021 (CRUA) 40LCH €14.95 ISBN 9781910945605

Is aithinsint ghalánta é seo ar scéal béaloidis idirnáisiúnta. Insítear scéal Labhraí Loingseach, prionsa a bhfuil rún mór á choinneál faoi cheilt aige: rugadh é agus cluasa capaill air. Leantar Labhraí tríd an leabhair, óna óige uaigneach chuig a aosacht mar rí, agus barbóir iontaofa nua á lorg aige chun a ghruaig a ghearradh d'fhéile bhliantúil na ríochta agus a chluasa a choinneáil faoi rún ina dhiaidh sin. Cuireann an pictiúrleabhar seo eispéireas thar a bheith draíochtúil agus tumthach ar fáil don léitheoir. *A retelling of the famous folktale of* Labhraidh Loingseach*, the king with horse's ears.* (Aois 5–7, 8–10)




CLEMENT CLARKE MOORE maisithe ag JESSIE WILLCOX SMITH

## CUAIRT SAN NIOCLÁS

LEABHAR BREAC 2022 (CRUA) 40LCH €18.00 ISBN 9781913814090

Clasaic mhór na Nollag ar fáil i nGaeilge den chéad uair. Leabhar gleoite amach is amach atá anseo, é maisithe go healaíonta lándaite le léaráidí Willcox Smith (ó 1912). Tá leagan amach an-chlasaiceach le feiceáil sa leabhar seo, agus spás breá fágtha le go seasfaidh friotal an dáin go lárnach ar an leathanach. Tá an chuma air gur leagan seanbhunaithe Gaeilge atá os ár gcomhair anseo; samhlaím páistí ag fás aníos anois agus an leagan Gaeilge ar eolas acu i bhfad roimh an leagan Béarla! *Clement Clarke Moore's classic Christmas poem* A Visit from St Nicholas ('Twas the night before Christmas) *is brought to life in this Irish translation.* (Aois 5–7, 8–10)





EOIN COLFER aistrithe ag SADHBH DEVLIN
maisithe ag RICHARD WATSON

## GRUAIG ÁINE

FUTA FATA 2025 (BOG) 96LCH €8.95 ISBN 9781915684257

Cuireann cuid gruaige Áine isteach go mór uirthi. Agus í fiosrach i gcónaí, tugann sí bearradh gruaige di féin, rud a chruthaíonn fadhbanna eile di. Tá greann fite fuaite ann agus bíonn rud éigin craiceáilte ag titim amach i ngach caibidil. Cuireann na léaráidí daite go mór le hinsint bheomhar an scéil. Tá Gaeilge shnasta in úsáid san aistriúchán le nathanna cainte agus friotal aoibhinn tríd is tríd. *A translation of* Mary's Hair*, Áine learns about the downside of cutting her hair on her own.* (Aois 5–7, 8–10)




DR ANN-MARIE CROWE

## DO CHODLADH BEAG

AN GÚM FORAS NA GAEILGE 2022 (BOG) 48LCH €8.00 ISBN 9781857919806

Leabhar fiúntach é seo a chuideoidh le daoine fásta a bhfuil páistí dá gcuid ag dul faoi ainéistéiseach ginearálta. Míníonn an t-údar cad a tharlaíonn nuair a théann tú isteach in ospidéal na bpáistí le haghaidh obráide nó chun scanadh a fháil. Taispeántar cuid de na daoine agus na rudaí a fheictear san ospidéal. Is deacair ar dhuine fásta an córas sláinte a mhíniú mura bhfuiltear i ndiaidh dul tríd iad féin, agus is tús é an leabhar seo ar bhearna ábhar i nGaeilge a líonadh. *Perfect for any child who's nervous about a hospital visit, this translation of* Your Little Sleep *teaches us about what happens when we go under general anaesthetic.* (Aois 5–7, 8–10)





SADHBH DEVLIN maisithe ag ANASTASIA MELNYKOVA

## AN FIA SA CHOILL

FUTA FATA 2024 (BOG) 42LCH €14.95 ISBN 9781915684165

Is minic a léimid faoi Fhionn Mac Cumhaill sna scéalta Fiannaíochta, ach ní chloistear mórán faoina bhean chéile, Sadhbh. Is athinsint álainn é seo ar scéal rúndiamhrach Shadhbh. Tá gluaiseacht iontach tríd agus tá gach ní ann a mbeifeá ag súil leis ó scéal Fiannaíochta: an dúlra, ainmhithe, amhránaíocht, ceol na cruite, brionglóidí agus luibheanna. Níl spás ar bith curtha amú ag an ealaíontóir leis na pictiúir áille ildaite le stíl Cheilteach iontu. Ceann álainn don léitheoireacht os ard nó don léitheoireacht neamhspleách. *This retelling of an old Irish legend brings us to the moment when Fionn Mac Cumhaill met Sadhbh, who magically transforms from a deer into a woman.* (Aois 5–7, 8–10)





JULIA DONALDSON aistrithe ag CÚNLA Ní BHRAONÁIN MORRIS maisithe ag HANNAH SHAW

## AN NATHAIR A THÁINIG AR CUAIRT

FUTA FATA 2025 (BOG) 96LCH €8.95 ISBN 9781915684264

Is scéal greannmhar croíúil agus lán le carachtair spéisiúla é seo. Is cailín óg spraíúil cróga agus lán le craic í Nuala. Tá na léaráidí teolaí suaimhneach agus cuireann siad atmaisféar deas socair leis an scéal. Tá an t-aistriúchán fíorálainn, le teanga nádúrtha agus soléite do léitheoirí óga. Tá na hainmneacha nua a roghnaíodh sa leagan Gaeilge an-oiriúnach, rud a chuireann le barántúlacht an scéil sa Ghaeilge. *A translation of* The Snake Who Came to Stay*, Nuala's holiday home for pets is a great success – until a snake goes missing!* (Aois 5–7, 8–10)




TATYANA FEENEY

## CRANN NA nGUÍONNA

MY IRISH BOOKS 2023 (CRUA) 32LCH €12.00 ISBN 9782919958955

Leabhar taithneamhach agus gliondrach atá anseo, le fréamhacha sa bhéaloideas. Tá na pictiúir aislingeach, le dathanna geala agus críoch uigeach. Sa saol seo, tá an domhan ildaite fiú san oíche! Tá an scéal saonta agus suaimhneach. An ceacht a bhaintear as ná an tábhacht a bhaineann le cúram a chur ar gach duine, cuimhneamh go bhfuil mianta ag crainn fiú, agus tuiscint go bhfuil áthas le fáil i rudaí chomh simplí leis an ngaoth, an ghrian agus an bháisteach. *A bright and calming book about finding joy in wind, sun and rain.* (Aois 5–7, 8–10)




GRÁINNE HOLLAND maisithe ag MR ANDO

## CEOL NA SIÓG

AN tSNÁTHAID MHÓR 2021 (CRUA) 22LCH €22.00 ISBN 9781912929139

Nuair a bhíonn focail, íomhánna agus ceol ag obair as lámha a chéile, bíonn draíocht ann. Sa leabhar seo, a bhfuil dlúthdhiosca ag gabháil leis, tá trí amhrán déag le Gráinne Holland. Tá léaráidí le Mr Ando ag gabháil le gach amhrán agus tá siad á gcanadh go binn ag Seán Óg Graham ar an dlúthdhiosca. Éiríonn go han-mhaith leis an gcomhshaothar seo, nó léirítear mistéir agus draíocht tharraingteach an dúlra leis an gceol agus an leabhar, agus déantar iad a cheiliúradh. *A collection of thirteen songs about the beauty of nature, accompanied by magical illustrations. This book comes with a CD.* (Aois 5–7, 8–10)




GRÁINNE HOLLAND maisithe ag MORGANA WEEKS

## DRAÍOCHT AN DÚLRA

CORCRA MEDIA 2023 (CRUA) 36LCH £15.00 ISBN 9781399971928

Déanann an leabhar ealaíonta ceolmhar seo ceiliúradh, ní hamháin ar an fhiántas agus an nádúr ach ar an fhéilire ársa Gaelach fosta. Is léir ó na hamhráin agus na léaráidí beoga go raibh i bhfad níos mó ná clár ama i gceist leis an fhéilire chéanna agus go raibh saolta ár sinsir fite fuaite leis an dúlra. Má osclaíonn tú an leabhar seo, tá seans maith ann go mbeidh tú féin spreagtha le do chorp agus do chroí a thumadh i lár coille mistiúla. *Celebrate the ancient Irish calendar and immerse yourself in the music of the natural world. (QR code included)* (Aois 5–7, 8–10)




TADHG Mac DHONNAGÁIN maisithe ag TARSILA KRÜSE agus ÚNA WOODS ceol le JOHN RYAN

## CEOL NA MARA

FUTA FATA 2024 (CRUA) 52LCH €16.95 ISBN 9781910945735

Atheisiúint atá anseo d'albam a tháinig amach ar dtús fiche bliain ó shin, agus tá leabhar lánmhaisithe in éindí leis anois le léaráidí móra spleodracha splaiseacha. Téann muid ó ealaíontóir go healaíontóir agus ar ais, de réir mar a thiontaíonn muid na leathanaigh, ar nós tonnta na farraige. Tá rithim nádúrtha sna focail a oireann go han-mhaith don léitheoireacht os ard. Tá cód QR ar fáil a threoraíonn an léitheoir chomh fada le comhaid fuaime na n-amhrán. Pacáiste iomlán atá anseo a chuirfidh gliondar ar léitheoirí agus éisteoirí araon. *Watch the waves wash over each page and listen to the music of the sea with this book/album combination. (QR code included)* (Aois 5–7, 8–10)




CHARLIE MACKESY

## AN BUACHAILL, AN CAOCHÁN, AN SIONNACH AGUS AN CAPALL

AN tSNÁTHAID MHÓR (CRUA) 122LCH €18.99 ISBN 9781912929252

Leabhar álainn gleoite slachtmhar anseo. Tá stíl an chló go haoibhinn, ar nós callagrafaíochta, agus baintear úsáid as an gcló céanna tríd an leabhar ar fad. Tá cumhacht agus neart sna pictiúir agus luíonn siad i gceart leis na focail i gcónaí. Ní scéal atá sa leabhar seo go díreach ach smaointeoireacht ar chairdeas, ar an ngrá agus ar an saol. Léiríonn na carachtair éagsúlacht dúinn – an éagsúlacht atá ionainn féin agus éagsúlacht an tsaoil chomh maith. *A translation of* The Boy, the Mole, the Fox and the Horse, *this book follows the four friends as they teach calming life lessons to each other.* (Aois 5–7, 8–10)




BRIGHID Ní LOINSIGH maisithe ag SIOBHÁN Uí BHRAOIN

## BUAIRTÍN

OIDHREACHT CHORCA DHUIBHNE 2025 (CRUA) 32LCH €15.00 ISBN 9781999892784

Ón lá a tháinig sí ar an saol, ba léir gurb í Buairtín an sicín corr san ál. Is pictiúrleabhar álainn é seo ina bhfoghlaimíonn Buairtín faoi luach agus tábhacht a saoil, agus nach cúis náire í a bheith difriúil. Cuireadh an chéad leagan den leabhar i gcló i gcánúint Uíbh Ráthaigh in 1953, agus tá léaráidí nua iontacha curtha leis an téacs sa leagan seo. *Buairtín has always known that she was different, but she learns in time that she is just as important as everyone else.* (Aois 5–7, 8–10)





JOHN ÓG HIUDAÍ NEIDÍ Ó COLLA maisithe ag KIM SHARKEY

## MÓR AGUS MUILC

ÉABHLÓID 2019 (CRUA) 28LCH €12.00 ISBN 9780995611993

Scéal béaloidis ó Ghaoth Dobhair atá sa leabhar seo. Pléann an scéal le téama teibí an bháis agus iarrachtaí éalú uaidh. Tugann Mór agus Muilc na cosa leo ag cur ceisteanna ar charactair éagsúla eile faoin mbás. Tá reacaireacht chiorclach in insint an scéil leis an léitheoir a mhealladh agus chun go rachaidh na ceisteanna móra i bhfeidhm ar an léitheoir ar leibhéil éagsúla. Tá an-tuiscint ann do shuíomh an scéil agus tá an fharraige mar chúlbhrat ag gach eachtra a thiteann amach ó thús deireadh. *A Donegal folktale about death and people's attempts to escape it.* (Aois 5–7, 8–10)




GABRIEL ROSENSTOCK maisithe ag KIM SHARKEY

## MAMAÍ GÉ

ÉABHLÓID 2024 (CRUA) 176LCH €20.00 ISBN 9781914482045

Ó Humptaí Dumptaí go Bá Bá, a Chaora Dhubh go Sean-Mhamaí Gé í féin, beidh cur amach ag daoine fásta ar an gcuid is mó de na rannta seo. Ach sa chnuasach seo, tá na rannta Béarla taobh le taobh le leaganacha rithimiúla Gaeilge an fhile Gabriel Rosenstock. D'éirigh leis an maisitheoir ilchumasach, Kim Sharkey, domhan mealltach Mhamaí Gé a chruthú dúinn agus beocht agus anam a chur sna carachtair go léir. Órchiste ealaíona agus seoid ildaite álainn a thógfaidh croí gach duine (idir óg agus aosta) a leagann lámh air. *A bilingual collection of Mother Goose nursery rhymes accompanied by illustrations that will captivate readers of any age.* (Aois 5–7, 8–10)




EIBHLÍN UÍ IARLAITHE maisithe ag DÓMHNAL Ó BRIC

## ORLA UAN I gCLÓS NA FEIRME

OIDHREACHT CHORCA DHUIBHNE 2023 (BOG) 37LCH €10.00
ISBN 9781999892746

Leanaimid Orla Uan agus a cairde agus iad ag caint le hainmhithe éagsúla agus lena bhfeirmeoirí, Ruairí agus Tadhg. Líonann íomhánna deasa achan leathanach. Is scéal é atá lán le spraoi, le scríbhneoireacht thuairisciúil faoi obair na feirme – bailiú uibheacha, crú na mbó agus bia a thabhairt d'ainmhithe. Tá canúint Chorca Dhuibhne in úsáid sa leabhar, ach tá nótaí faoin gcanúint ann atá cabhrach do léitheoirí nach bhfuil taithí acu uirthi. Tá cód QR ann a threoraíonn léitheoirí chuig taifead den scéal agus fuaimeanna ón bhfeirm sa chúlra. *Written in Munster Irish with helpful notes about the dialect, we follow Orla the sheep as she learns about farming. (QR code included)* (Aois 5–7, 8–10)




TATYANA FEENEY

## GÁIRDÍN MHÁIRE NA MBLÁTH

AN GÚM FORAS NA GAEILGE 2021 (BOG) 32LCH €8.50 ISBN 9781857919721

Scéal álainn faoin gcaidreamh idirghlúine a thagann faoi bhláth nuair a chuireann Máire na mBláth aithne ar phobal na scoile áitiúla. Mar a thuigfeá óna hainm féin, is garraíodóir den scoth í agus tá cáil uirthi agus ar a gairdín ildaite bláthanna fud fad an pharóiste. Cuireann stíl éadromchroíoch mhaisitheoireachta Feeney leis an atmaisféar séimh sa scéal. Spreagann an scéal thú maireachtáil i dtiúin leis an dúlra agus tosaíonn an léitheoir ag machnamh faoina gcúram don chomhshaol. *A beautiful nature-focused intergenerational story about Máire the gardener as she gets to know the local school community.* (Aois 8–10)




PATRICIA FORDE maisithe ag LAUREN O'NEILL

## Ó AM GO hAM

FUTA FATA 2021 (CRUA) 60LCH €8.95 ISBN 9781910945759

Scéal foirfe do dhaoine ar spéis leo an eachtraíocht agus dóibh siúd a bhfuil suim bheag acu san fhicsean stairiúil! Dar le hAoife tá a teaghlach go léir dúghafa leis an stair, agus ní thuigeann sí cén fáth. Tá fonn uirthi é sin a fhiosrú agus mar sin téann sí chuig an tseanmhainistir i lár na hoíche – agus is ansin a thosaíonn an eachtraíocht! An litreoireacht Cheilteach atá ag tús gach caibidil, cuireann sí sean-lámhscríbhinní i gcuimhne don léitheoir, agus cuireann sí leis an eispéireas tumthach léitheoireachta. *Aoife goes on an exciting adventure as she learns about why her family are so fascinated by history.* (Aois 8–10)




OISÍN McGANN aistrithe ag FEARGHAS Mac LOCHLAINN

## DAIDEO CRAICEÁILTE AGUS NA BITHIÚNAIGH

CLÓ IAR-CHONNACHT 2024 (BOG) 64LCH €8.00 ISBN 9781784442811

Nuair a thagann garmhac Dhaideo, Learaí, ar cuairt chuige, tagann beirt chréatúr beag caol cnámhach as cúl an toilg le stuif a ghoid agus tá ar Learaí agus Daideo dul sa tóir orthu. Tá jab snasta déanta ag Fearghas Mac Lochlainn ar an aistriúchán agus coinníonn sé luas an scéil chomh maith leis an ngreann iontach a bhaineann le dánaíocht na beirte. Is iontach an leabhar é seo chun léitheoirí a mhealladh i dtreo leabhair chaibidle le Gaeilge shoiléir shothuigthe, téacs breá mór agus léaráidí bríomhara tríd. *Creatures are hiding in Grandad's couch and stealing anything they can get their hands on in this translation of* Mad Grandad and the Kleptoes. (Aois 8–10)





CONOR McHALE aistrithe ag FEARGHAS Mac LOCHLAINN

## NÁ hOSCAIL AN BOSCA SIN!

CLÓ-IAR CHONNACHT 2024 (BOG) 64LCH €8.00 ISBN 9781784442804

Tá bosca speisialta tagtha sa phost do Mhamó ach tá rud éigin aisteach scríofa ar an mbosca … An mbeidh Belzoni (a cat) agus Greta (an chearc) in ann ealú ón neach sa bhosca? Tá an leabhar seo chomh barrúil sin go mbeidh léitheoirí óga ag rachtaíl gháire. Feicimid an rírá agus ruaille buaille a thiteann amach idir an bheirt agus iad ag iarraidh iad féin a shábháil ó fhiacla fada géara an chrogaill. Is scéal deas bríomhar é seo le friotal nadúrtha fite fuaite tríd. Ceann iontach don léitheoireacht os ard! *Belzoni the cat and Greta the chicken have to avoid being eaten by a crocodile in this translation of* Don't Open That Box! (Aois 8–10)





DAV PILKEY aistrithe ag MÁIRÍN Ní MHÁRTA

## DOG MAN: SCÉAL AN DÁ PHUISÍN

FUTA FATA 2024 (BOG) 240LCH €10.00 ISBN 9781915684189

Cosúil leis na cinn a tháinig roimhe, gabhann an leabhar álainn seo greim ar an léitheoir le beocht agus greann ó thús deireadh. Casaimid arís le Dog Man agus a naimhde, Páidí, atá i mbun trioblóide arís. Tá Páidí i bpríosún na gcat agus clón á chruthú aige dó féin. Tá leathanaigh idirghníomhacha 'flip-o-rama' sa leabhar a thugann deis don léitheoir beochan a chruthú agus bhainfeadh aon duine gliondar as sin. Ní haon ionadh go bhfuil an tsraith seo ag dul ó neart go neart. *This translation of* Dog Man: A Tale of Two Kitties *follows Dog Man as he faces Páidí the cat, Páidí's kitten clone and more. Third in a series.* (Aois 8–10)




GABRIEL ROSENSTOCK maisithe ag GRAHAM CORCORAN

## SCÉILÍNÍ SCANRÚLA

ÉABHLÓID 2023 (BOG) 104LCH €12.00 ISBN 9781914482137

Idir na lámha bagracha ar chlúdach an leabhair agus na páipéir cheangail dhubha, cruthaítear atmaisféar scanrúil scéiniúil ón tús. Tá stíl nádúrtha chomhrá ó scéal go scéal agus tá leanúnachas sa sreabhadh smaointeoireachta atá ann sna téamaí. Tugann na léaráidí beophictiúr den imeagla a thagann ar an léitheoir agus é ag léamh faoin uafás a d'fhéadfadh teacht ina threo. Tá insint ghreannmhar spraíúil sna scéalta. Tugtar rabhadh cuí don léitheoir i mblurba an leabhair maidir leis an ngeit a bhainfear as an léitheoir óg. *A collection of scary stories, this book will have you laughing in one moment and hiding behind the couch in the next.* (Aois 8–10)




MIRALDA COLOMBO aistrithe ag MÁIRE Ní CHUALÁIN
maisithe ag BEATRICE CEROCCHI

## ÁITEANNA IONTACHA AISTEACHA

AN GÚM FORAS NA GAEILGE 2023 (CRUA) 68LCH €15.00 ISBN 9781857919882

Leabhair eolais álainn faoi áiteanna cáiliúla i dtíortha éagsúla ar fud an domhain. Insítear don léitheoir conas a tógadh Pirimid Chúfú san Éigipt, na dealbha ar oileán Rapa Nui agus a lán sainchomharthaí stairiúla eile. Spreagfaidh na léaraidí bríomhara páistí le dul i mbun taistil agus foghlaim faoi chultúir eile. Léiritear an iliomad daoine ó chúlraí éagsúla ann. Foirfe don léitheoir óg a dtaitníonn mioneolas agus stair ársa leo. *A translation of* Amazing Places*, this book will inspire children to travel as they learn about landmarks in other countries.* (Neamhfhicsean, Aois 8–10, 10–12)




PATRICIA FORDE

## AN MAC TÍRE DEIREANACH

FUTA FATA 2023 (BOG) 72LCH €8.95 ISBN 9781915684066

Is scéal dóchasach é *An Mac Tíre Deireanach* faoi chrógacht, caillteanas, agus tábhacht an teaghlaigh. Mealann a chlúdach álainn an léitheoir isteach sula n-osclaítear an chéad leathanach fiú. Insíonn an scéal cumhachtach seo aistear Úna agus a hiarracht an mac tíre deireanach in Éirinn a shábháil in 1652. Agus meafar an mhic tíre á úsáid i rith an scéil, foghlaimímid faoin tábhacht an rud ceart agus cineálta a dhéanamh, fiú nuair a bhíonn an domhan ar fad ag rá go bhfuilimid contráilte. *Úna tries to save the last wolf in Ireland from Cromwell's soldiers in this tale of hope.* (Aois 8–10, 10–12)




PATRICIA FORDE maisithe ag JOHN WHITE

## AR STRAE

FUTA FATA 2019 (BOG) 64LCH €7.95 ISBN 9781910945513

Tagann Nizar go hÉireann as an tSiria lena mham agus a bheirt deirfiúracha atá ina cúpla. Tá a mham ag iompar clainne agus ar ndóigh tá teaghlach mór ag Nizar, ach níl a athair ansin agus tá Nizar mar fhear an tí anois go dtí go dtagann sé ar ais. Tá siad ina gcónaí in óstán agus tá a lán rialacha ann. Tá Nizar ina theifeach agus tugann sé fíor-spléachadh ar an gcineál saoil a bhíonn acu. Cosúil le scéal maith ar bith tá namhaid ag Nizar bocht: Seán Seoighe an cúramóir. Tá deireadh idéalach ag an scéal seo a dhéanfaidh é an-tarraingteach do léitheoirí. *This story follows Nizar, a young Syrian refugee who lives in a hotel in Ireland with his family.* (Aois 8–10, 10–12)




JONATHAN GARNIER aistrithe ag CAITLÍN Nic ÍOMHAIR
maisithe ag AMÉLIE FLÉCHAIS

## NA TRODAOIRÍ II: AN BHRÚID DHUBH

DALEN ÉIREANN 2023 (BOG) 72LCH €9.95 ISBN 9781913573478

An dara leabhar i sraith de cheithre úrscéal grafach. Leanann an léitheoir iarrachtaí Mholl, Liam agus a gcuid cairde a sráidbhaile a chosaint i gcoinne beithígh ollmhóir atá faoi dhubhealaín mhistéireach darb ainm An Bhrúid Dhubh. Éiríonn go geal leis an údar agus leis an aistritheoir scéal agus domhan tumthach a chruthú. Oiriúnach do pháistí a bhfuil ardchaighdeán Gaeilge agus léamh neamhspleách acu ach bheadh léitheoirí ní b'óige in ann taitneamh a bhaint as an scéal le beagán tacaíochta ó dhuine fásta freisin. *Translated from the French* Bergères Guerrières (Warrior Shepherdesses) *series, this graphic novel follows Moll and Liam in their fight against a beast.* (Aois 8–10, 10–12)





AILBHE Nic GIOLLA BHRIGHDE

## GO CEANN SCRÍBE

FUTA FATA 2021 (BOG) 70LCH €7.75 ISBN 9781910945520

Tá an saol deacair do Mhaidhcí nuair a bhuaileann muid leis ag tús an scéil seo. Tá sé ag obair ar róbat a thógáil do chomórtas mór na scoileanna lena dhlúthchara Joe ach níl siad ag réiteach go maith lena chéile agus gach uair a thugann siad faoin obair, bíonn siad ag argóint go fíochmhar. Tá Mam agus Daid ag argóint freisin agus ní thuigeann Maidhcí go díreach céard atá ag tarlú eatarthu. Caitear go tuisceanach comhbhách leis an staid dheacair ina bhfuil Maidhcí agus a thuismitheoirí ar tí scaradh – an brú agus imní atá air agus na pianta a thagann air dá bharr. *Maidhcí's parents are constantly arguing and he struggles to come to terms with their separation.* (Aois 8–10, 10–12)





ALAN TITLEY maisithe ag JOHN WHITE

## LÚBA

AN GÚM FORAS NA GAEILGE 2020 (BOG) 153LCH €10.00 ISBN 9781857919608

Tá Lisa céasta ag a dearthair Boloch, imeallaithe ag a cara, agus tá gadaíocht curtha ina leith! Ní nach ionadh gur bhreá léi éalú. Tagann a peata Glafar i gcabhair uirthi agus nuair a leagann sí lámh air iompaíonn sí ina hainmhí eile. Tugann an t-athrú seo saoirse agus faoiseamh di ar feadh píosa, agus deis breathnú ar a saol trí shúile eile. Ach tar éis di tabhairt faoin aistear sin, tagann sí ar an tuiscint thábhachtach seo: 'Is mise mé féin, sin uile!'. *Lisa wants to escape and turns into an animal, but she soon starts to miss being her old self.* (Aois 8–10, 10–12)





MÁIRE ZEPF maisithe ag SHONA SHIRLEY MACDONALD

## AN FÉILEACÁN AGUS AN RÍ

FUTA FATA 2019 (CRUA) 48LCH €14.95 ISBN 9781910945483

Is athinsint é *An Féileacán agus an Rí* ar sheanscéal grá Éadaoin agus Mhír. Insíonn Zepf i réamhrá gairid nach raibh aon stiúir ag Éadaoin ar a saol sna seanleaganacha, ach sa leagan seo, tá smacht ag Éadaoin ar a cinniúint féin. Tá Éadaoin agus Mír le pósadh, ach cuirtear mallacht ar Éadaoin agus tagann cruth féileacáin bhig uirthi. Tá an leabhar seo sármhaisithe ag Shona Shirley Macdonald. Éiríonn le Zepf scéal mealltach a insint ar bhealach simplí, le friotal fileata in úsáid go minic. Tugann sí beocht do scéal Éadaoin agus Mhír don chéad ghlúin eile. *A retelling of the mythological love story of Éadaoin and Mír, where a curse is put on Éadaoin and she turns into a butterfly.* (Aois 8–10, 10–12)





MÁIRE BREATNACH maisithe ag DÓMHNAL Ó BRIC

## MÁBÚIS: CAT AR MISEAN

OIDHREACHT CHORCA DHUIBHNE 2022 (BOG) 63LCH €15.00 ISBN 9781999892791

Scéilín lán le draíocht, eachtraíocht agus samhlaíocht é seo faoi bhuachaill óg agus cat speisialta. Tá buanna rúnda ag an gcaitín beag a roineann sé leis an mbuachaill, Eoin. Tá Gaelainn shaibhir na Mumhan sa leabhar, a thugann saibhreas álainn don scéal ach a d'fhéadfadh a bheith dúshlánach do pháistí nach bhfuil taithí acu ar chanúint na Mumhan. Thaithneodh an leabhar seo le páistí ar maith leo cait (nó ainmhithe i gcoitinne), draíocht agus mistéir. D'fhéadfadh sraith leabhar a bheith i ndán dó amach anseo! *Written in Munster Irish, this story follows Mábúis, a cat with secret abilities who comes from Poland to visit Eoin in the middle of the night.* (Aois 8–10, 10–12)





PHILIPPE FIX aistrithe ag SEAGHÁN Ó MODHRÁIN

## SARAIFÍN IS A MHÓRSHAOTHAR IONTACH

DALEN ÉIREANN 2024 (BOG) 32LCH €9.95 ISBN 9781913573737

Tá an saol mór agus gnóthach sna háiteanna uirbeacha, ach taitníonn an timpeallacht agus gnéithe an nádúir go mór le Saraifín. Lena dhlúthchara Mothall agus Earcail an hamstair, leanaimid brionglóidí an triúir agus iad ag deileáil le fadhbanna le dearcadh dearfach. Cuireann saibhreas na Gaeilge go mór leis an scéal agus tá na carachtair uilig níos aitheantaí dúinn dá bharr. Spreagann an scéal seo léitheoirí chun a gcuid samhlaíochta a úsáid agus a chothú agus sa lá atá inniu ann, is rud an-speisialta é sin. *Translated from the French Séraphin series, this story follows a dreamer who fights against selfishness and wants to make the world a better place. Start of a series.* (Aois 8–10, 10–12)




EITHNE MASSEY aistrithe ag LISA JACKSON
maisithe ag PATRICIA Nic EOIN

## FINSCÉALTA NA hÉIREANN

THE O'BRIEN PRESS 2024 (BOG) 64LCH €12.99 ISBN 9781788494731

Déanann an leabhar seo athinsint ar chuid de na finscéalta is mó a bhfuil cáil orthu in Éirinn. Tá siad scríofa i ndóigh spraíúil a dtugann léargas dúinn ar phearsantachtaí na gcarachtar, go háirithe Fionn fiosrach ag síorcheistiú a mhuintire. Cloisimid fosta faoin éad agus faoin olc, faoin gcumha agus faoin gcrógacht. Tá lucht na córa agus na coire ann ach tugtar le fios go mbíonn mothúcháin againn uilig. Tá léaráidí áille ag dul leis na scéalta a chuireann beocht ins na carachtair. *A translation of* Best-Loved Irish Legends, *this book tells the stories of The Salmon of Knowledge, The Children of Lir, Oisín and more.* (Aois 8–10, 10–12)





JACQUELINE De BRÚN maisithe ag VINCE REID

## CLOCH NA GRÉINE

LEABHAR BREAC 2022 (BOG) 93LCH €9.00 ISBN 9781913814380

Scéal bleachtaireachta é seo ina bhfuil an stair, an réalteolaíocht, an fhinscéalaíocht, pisreoga agus seanfhocail fite fuaite tríd. Léiríonn sé an chodarsnacht idir mheon an phobail nár fhág an baile agus iadsan a chuaigh ar aistear tamaill, nó eachtrannaigh a tháinig isteach, i leith an oideachais agus na fiosrachta. Tarraingíonn sé aird freisin ar an amhras a bhíonn ar dhaoine roimh an té atá difriúil agus an tionchar atá aige ar a n-iompar agus a ndearcadh. Gluaiseann an scéal ar aghaidh ar luas cuí agus nochtar na leideanna chun an cás a réiteach ar dhóigh atá an-oiriúnach don léitheoir. *A detective novel following a mysterious sequence of events in Baile an Chnoic.* (Aois 8–10, 10–12, 12–14)





ALAN TITLEY

## ÓRÓ

LEABHAR BREAC 2024 (BOG) 136LCH €12.00 ISBN 9781913814366

Scéal eachtraíochta é seo faoi bheirt bhuachaillí óga sa Spáinn le linn Ré na Taiscéalaíochta, agus a n-aistear go hOileán an Óir, El Dorado. Cloiseann siad scéalta draíochtúla faoi ainmhithe mistéireacha agus taisce ó na mairnéalaithe. Nuair a aimsítear na buachaillí agus iad ina bhfolachánaithe ar bord loinge, caithfidh siad dul i dtaithí ar an saol nua mar fhoghlaithe mara. Scéal réalachais é seo atá draíochta, corraitheach agus greannmhar, agus foghlaimímid nach bhfuil sé ró-olc a bheith beo bocht má táimid beo. *A teenager stows away on a ship in search of El Dorado, but soon has to come to terms with the dangers of life on the seas.* (Aois 8–10, 10–12, 12–14)




GABRIEL ROSENSTOCK maisithe ag BRIAN FITZGERALD

## AN EALA ÓRGA AGUS SCÉALTA EILE ÓN INDIA

AN GÚM FORAS NA GAEILGE 2019 (BOG) 75LCH €9.00 ISBN 9781857919493

Scéalta beaga cliste atá sa chnuasach seo a thugann blaiseadh beag dúinn ar shaíocht na hIndia trí shárbhua liteartha Gabriel Rosenstock. Scéalta is ea iad a thagann chugainn ó chultúr agus ó thréimhse eile ar fad, agus a lorg sainiúil sin orthu, ach a bhfuil a dteachtaireacht chomh luachmhar le haon scéal atá neadaithe in Éirinn. Cuirfear intinní óga ag machnamh agus ag ceistiú. Idir insint sheoigh fhileata Rosenstock agus an deamhaisiú atá ar fud an leabhair, tugtar an léitheoir ar thuras samhlaíochta go críocha i gcéin. *This collection of short stories from India teaches us lessons that we can learn from other cultures.* (Aois 8–10, 10–12, 12–14)




TRISTAN ROSENSTOCK

## INIS MARA

LeabhairCOMHAR 2023 (BOG) 82LCH €12.00 ISBN 9781919601397

Cailín neamhspleách éirimiúil í Éabha agus is fúithi atá sé drochghníomhaíochtaí cheannaire nua an oileáin a thabhairt chun solais le teacht I gcabhair ar mhuintir an oileáin. Scéal taitneamhach spreagúil, le gluaiseacht mhaith. Tá léaráidí i ngach caibidil, tá na hailt gearr. Tá focail nua aibhsithe agus mínithe sa ghluais. Tá doimhneacht sa scéal maidir le ceisteanna móra: athrú aeráide, ceannaireacht, úsáid acmhainní nádúrtha, gníomhú ar son an phobail agus na timpeallachta. *Young Éabha bravely challenges the new leader of an island in this novel about climate change.* (Aois 8–10, 10–12, 12–14)




DAVID De THUIN aistrithe ag CAITLÍN Nic ÍOMHAIR

## ART ABÚ! SCOIL NA NARRACHTAÍ

DALEN ÉIREANN 2022 (BOG) 49LCH €9.95 ISBN 9781913573386

Is gnáthbhuachaill scoile é Art – ní maith leis éirí ró-luath ar maidin agus ní réitíonn sé go maith lena dheirfiúr, ach is duine cairdiúil spraíúil é! Tugann Art faoi deara go bhfuil rud éigin aisteach agus difriúil faoi na daltaí scoile nua agus caithfidh sé an scéal a fhiosrú. Taitneoidh an scéal seo le léitheoirí óga, tá na pictiúir an-soiléir agus níl mórán téacs iontu, rud a chiallaíonn go bhféadfaí an scéal a thuiscint fiú dá mbeadh deacracht agat le focail nó téarmaí nua. *A translation of the French graphic novel* Arthur Minus: L'école des Mutants*, this detective story follows Art as he investigates the new students in his school.* (Aois 10–12, 12–14)




CAOIMHE Nic LOCHLAINN maisithe ag OLIVIA GOLDEN

## SCÉALTA LE hINSINT DON GHEALACH

COIS LIFE 2018 (BOG) 100LCH €12.00 ISBN 9781907494789

Scéalta ón mbéaloideas, á n-insint ar bhealach éadrom soiléir atá oiriúnach do pháistí an lae inniu. Tá éagsúlacht ann, idir scéalta gearra greannmhara mar 'Nuair a tháinig an tae go hÉirinn', ag magadh faoi mhíthuiscintí, agus scéalta fada draíochta, 'Cóitín Luachra' mar shampla. Tá an bheogacht agus an greann céanna sna pictiúir, agus tá focail neamhghnácha mínithe sa ghluais. Tá an leabhar oiriúnach do léitheoirí in aoisghrúpa 10–14, ach is leabhar iontach é le léamh os ard do pháistí ó chúig bliana d'aois ar aghaidh. *This collection of folktales has a mixture of funny short stories such as 'When the tea came to Ireland' and longer magical tales.* (Aois 10–12, 12–14)




BRIAN Ó BROIN

## EACHTRA AR OILEÁN NA RÚN

LEABHAR BREAC (BOG) 136LCH €9.00 ISBN 9781909907553

Tá na déagóirí óga Ána agus Mac Dara chun samhradh a chaitheamh in éineacht lena n-aintín agus a n-uncail, ar seandálaithe iad beirt. Ach cuireann eachtraí mistéireacha le hiontas an tsamhraidh agus níl suaimhneas ná codladh oíche i ndán do na déagóirí nuair is léir dóibh go bhfuil caimiléireacht ar bun i gcroílár an Mhúsaeim Náisiúnta. An gcabhróidh cailín mistéireach agus madra cliste leo teacht ar réiteach na seoda goidte agus na leabhar ársa a n-aimsíonn siad le linn an tsamhraidh? *Ána and Mac Dara get sucked into a mystery as they try to find artifacts that were stolen from the museum.* (Aois 10–12, 12–14)




THIERRY ROBBERECHT

## FAOI CHEILT

AN GÚM FORAS NA GAEILGE 2022 (BOG) 77LCH €8.00 ISBN 9781857919783

Seo scéal Elsa, cailín ceithre bliana déag d'aois sa bhFrainc. Tá campa teifeach tógtha sa cheantar, agus tá gach duine fiosrach faoi na teifigh féin. Tá Elsa fiosrach freisin, ach thar aon rud eile ba mhian léi cuidiú leo. Taispeántar tuairimí an phobail faoi theifigh, agus macalla ann dá mbeidh cloiste ag an léitheoir maidir le teifigh ó chúlraí éagsúla. Tá nóta láidir ó pheann an údair ar deireadh a thugann cead don duine óg a bheith lán mothúchán mar gheall ar thubaistí daonna. *A translation of French novel* La Cache*, this book tells the story of fourteen-year-old Elsa, who makes friends with a Syrian boy in a refugee camp.* (Aois 10–12, 12–14)




SYLVAIN GÂCHE aistrithe ag ANTAIN Mac LOCHLAINN
maisithe ag RICHARD GUÉRINEAU

## PÁIRC AN CHRÓCAIGH

DALEN ÉIREANN 2024 (BOG) 112LCH €15.95 ISBN 9781913573836

Is i gcomhthéacs na conspóide maidir le cluiche rugbaí a imirt agus amhrán náisiúnta na Breataine a bheith seinnte ar thalamh naofa an CLG in 2007 go dtéann an scéal seo siar sa stair go dtí 1920 agus Domhnach na Fola. Is úrscéal grafach é agus éiríonn leis an maisitheoir gluaiseacht nádúrtha a chruthú ó radharc go radharc a chuireann cuma físeáin ar an scéal. Aistriúchán den scoth atá ann le cuma nádúrtha air agus téacs so-léite. Tá saibhreas foclóra álainn ann ó thaobh na Gaeilge de. *Translated from French, this graphic novel revisits Bloody Sunday through the eyes of a French rugby fan in 2007, when the British national anthem was played in Croke Park.* (Aois 10–12, 12–14, 15+)





ANNA HEUSSAFF

## SÁRÚ

CLÓ IAR-CHONNACHT 2017 (BOG) 135LCH €8.00 ISBN 9781784441746

Leanann an leabhar seo eachtraí roinnt carachtar ar bhuaileamar leo i leabhar eile: Evan, Rio agus Síofra. Arís ní mór do na carachtair óga dul i ngleic le fadhbanna teicneolaíochta agus timpeallachta atá ag bagairt ar an saol comhaimseartha. De bhua na scéalaíochta agus roghnú téamaí téagartha tráthúla atá ábhar léitheoireachta saibhir sa scéal seo. Sárú ar chontúirtí teicneolaíochta agus sárú ar cheisteanna atá ag déanamh dochair agus tinnis don timpeallacht: níl a shárú ar fáil mar lón machnaimh don duine óg. *Evan, Rio and Síofra face the dangers of technology and threats to the environment. Part of a series.* (Aois 12–14)




ÉILIS NEARY

## AM AMÚ

LeabhairCOMHAR 2023 (BOG) 112LCH €12.00 ISBN 9781739255145

Tá Genius ina chónaí ar an taobh lag bocht den chathair, áit a gcuirtear na healaíontóirí. Tá na daoine a bhíonn ag obair ó dhubh go dubh ina gcónaí ar an taobh láidir saibhir. Déantar ceisteanna móra a ardú sa leabhar seo, atá dírithe ar dhéagóirí óga. An bhfuil tábhacht ag baint leis na healaíona? An bhfuil cead ag dream amháin cos ar bolg a dhéanamh ar dhream eile? Tá an leabhar maisithe go hálainn ag an údar í féin le léaráidí breátha ildaite, a chuireann go mór leis an scéal. *Genius has to prove the importance of art to save his family in this illustrated novel.* (Aois 12–14)




ÉADAOIN Ní DHOMHNAILL

## KATIE AGUS AN PACÁISTE RÚNDA

LeabhairCOMHAR 2025 (BOG) 77LCH €12.00 ISBN 9781739512972

Tá Katie go huile is go hiomlán gafa leis an mbleachtaireacht. Níl mórán measa aici ar phríobháideachas na ndaoine mórthimpeall uirthi, ach is léir gurb é an ceartas an cloch is mó ar a paidrín agus mar sin gabhaimid leithscéal léi. Tá mistéir iontach ag baint leis an úrscéal seo agus bhí sé deacair an críoch a thuar. Tá Gaeilge shaibhir ann agus tá aon fhrása nó focal atá deacair le tuiscint mínithe ar chúl an leabhair. *Katie is obsessed with being a detective, and decides to get on the case of her grandad's missing package.* (Aois 12–14)





MEADHBH Ní EADHRA

## BLÁTH FIÁIN

CLÓ IAR-CHONNACHT 2023 (BOG) 105LCH €10.00 ISBN 9781784442569

Taitneoidh an t-úrscéal dea-scríofa suimiúil seo le déagóirí. Tá an comhrá i measc na gcarachtar inchreidte agus tarraingteach. Baintear leas as aipeanna comhaimseartha amhail TikTok agus WhatsApp. Tá amhrán fite fuaite le gach caibidil ar bhealach nádúrtha a spreagann samhlaíocht an léitheora agus a chruthaíonn seinnliosta taitneamhach. Pléitear topaicí tráthúla sa leabhar freisin, mar shampla, bulaíocht, cumhacht agus mí-úsáid na meán sóisialta, tábhacht an cheoil agus sólás an chairdis. *Mikey, Hannah and Ronan await their Junior Cert results and Mikey struggles to express his feelings for Hannah until a major event occurs.* (Aois 12–14)





MEADHBH Ní EADHRA

## FAYE

LeabhairCOMHAR 2017 (BOG) 69LCH €8.00 ISBN 9780993494680

Tá Faye ag streachailt. Tá cónaí uirthi faoi chúram an stáit. Bíonn sí i dtrioblóid sa bhaile agus ar scoil go minic agus bíonn an tromluí uafásach céanna aici gach oíche. Is ar an bpáirc peile amháin a fheicimid a talann agus sonas inti. Ach, nuair a bhuaileann sí le Liam, tosaíonn gach rud ag athrú. Fásann Faye aníos, téann sí i ngleic le tragóid phearsanta agus tugann sí aghaidh ar an todhchaí. Scéal cumhachtach soiléite é seo agus bheadh aon duine óg an-tógtha leis. *A coming-of-age story about Faye, a sixteen-year-old who lives in the care of the state and gets into trouble but learns to face her problems.* (Aois 12–14)




ÁINE Ní GHLINN

## I MO CHROÍ ISTIGH

CLÓ IAR-CHONNACHT 2021 (BOG) 121LCH €8.00 ISBN 9781784442293

Is cailín iontach cliste í Millí ach is éan corr í, níl aon chairde aici agus bíonn cuid de na cailíní eile ag piocadh uirthi. Socraíonn sí féin agus a hathair róbat a mbeidh intleacht shaorga ann a dhéanamh le feidhmchlár sofaisticiúil atá forbartha ag a hathair. Láimhseálann an t-údar go leor ceisteanna tromchúiseacha: cad a dhéanann duine daonna dínn? An leor róbat daonna leis an uaigneas a dhíbirt? Tá cúpla casadh gan choinne sa scéal i dtreo an deiridh a choinneoidh an léitheoir gafa leis an scéal agus ag smaoineamh ar chás Mhillí i bhfad i ndiaidh dó an leabhar a leagan uaidh. *Millí and her father create a robot with artificial intelligence – but can AI truly resolve her loneliness?* (Aois 12–14)





CATHAL Ó SÁNDAIR

## RÉICS CARLÓ: AN CORPÁN SA TRUNC

AN GÚM FORAS NA GAEILGE 2024 (BOG) 120LCH €9.00 ISBN 9781857919912

Nuair a sheoltar corpán Gharda óig chuig a bhean chéile, cuirtear Réics Carló agus a chúntóir, Brian Ó Ruairc, ar an gcás le comhcheilg a nochtadh. Seo an tríú leabhar sa tsraith faoin mbleachtaire cáiliúil atá athfhoilsithe le blianta beaga anuas. Cé go bhfuil an teanga curtha in eagar do léitheoirí óga na linne seo, is cosúil go bhfuil ábhar an scéil fágtha mar a bhí in 1943. Ach gluaiseann an scéal go gasta, ar bhealach nach mbeidh léitheoirí óga ag iarraidh an leabhar a chur i leataobh. *A reprint of a classic Réics Carló novel from 1943, this story follows the detective as he uncovers a conspiracy that could destroy Ireland. Part of a series.* (Aois 12–14)




SIOBHÁN PARKINSON

## GRÁINNE: GAISCÍOCH GAEL

COIS LIFE 2019 (BOG) 230LCH €12.00 ISBN 9781907494970

Úrscéal faoi Ghráinne Ní Mháille, ina bhfuil an príomhcharachtar suimiúil, éirimiúil, agus thar a bheith cumasach. Bunaithe ar an stair, tugann an scéal léargas ar an bpolaitíocht i measc na dtaoiseach, an aicme lenar bhain Gráinne Ní Mháille, agus ar rialtas Shasana chomh maith. Scéal ficseanach tarraingteach é a mheallann an léitheoir isteach i saol na hÉireann sa séú haois déag, agus a thugann don léitheoir carachtar daonna, ina bhfuil cineáltas agus féith an ghrinn, le hais clisteachta agus cumhachta. *Gráinne Mhaol navigates the political life of sixteenth-century Ireland in this novel.* (Aois 12–14)




ÁINE Uí FHOGHLÚ

## FÓIR ORM!

CLÓ IAR-CHONNACHT 2021 (BOG) 151LCH €8.00 ISBN 9781784442286

Tá Eoin trína chéile ag cúrsaí sa bhaile. Socraíonn sé dul ar thuras scoile go hInis Mór, ach tagann drochstoirm agus iad ar an eitleán agus caithfear tuirlingt éigeandála a dhéanamh ar an bhfarraige: caitear Eoin i dtír ar oileán bánaithe. Gan duine ná deoraí ar an oileán, faigheann Eoin tuiscint as an nua ar an tábhacht atá le comhluadar. Faighimid léargas ar ghuth inmheánach an bhuachalla óig agus é ag déanamh gach iarrachta teacht slán agus ciall a bhaint as gach rud atá i ndiaidh tarlú dó – bás a athar san áireamh. Tá foclóirín úsáideach ag cúl an leabhair. *Twelve-year-old Eoin, stranded alone on Inis Mór struggles to survive as he comes to terms with the problems he faces at home.* (Aois 12–14)





PAUL BOLGER agus BARRY DEVLIN

## CÚ 1: COSANTÓIR

LEABHAR BREAC 2017 (BOG) 168LCH €12.00 ISBN 9781909907997

Scéal Chú Chulainn é seo, óna óige ar aghaidh, ach tá forbairt déanta ag na húdair ar an scéal atá ar aithne ag cuid mhór dúinn cheana. Tá cuma dhorcha leis a thugann gné shuimiúil don scéal clúiteach seo. Tá téamaí na miotaseolaíochta sa scéal i slí a chuireann ar fáil do dhaoine óga go héasca iad. Le béim ar an ealaíon agus níos lú scríbhneoireachta ann ná leabhar traidisiúnta, is leabhar sothuigthe é seo d'fhoghlaimeoirí agus léitheoirí óga. *This dark retelling of the story of Cú Chulainn focusses on illustration more than words and is perfect for young learners.* (Aois 12–14, 15+)




JACKIE Mac DONNCHA

## OIREAD NA FRÍDE

CLÓ IAR-CHONNACHT 2024 (BOG) 104LCH €10.00 ISBN 9781784442439

Úrscéal gearr é seo faoi Áine, baintreach óg atá ina cónaí lena máthair chéile agus beirt chlainne (Aoife agus Naoise). Castar fear nua ar Áine, ach cén chaoi a réiteoidh sé leis an teaghlach? Cé gur leabhar gearr é seo, tá sé lán le beocht agus comhrá. Ní bhíonn bóthar an ghrá gan casadh no dhó ann – feicimid sleachta as dialann Aoife agus amhras uirthi faoin bhfear nua seo. Scríofa i gcanúint Chonamara, tá an t-úrscéal seo bríomhar agus soléite do léitheoirí óga nó do dhaoine fásta. *Áine is a young widow, but when she meets a new man, her family has doubts about him.* (Aois 12–14, 15+)




ANTAIN Mac LOCHLAINN

## ÉANNA CORR

LEABHAR BREAC 2024 (BOG) 136LCH €7.50 ISBN 9781913814595

Scéal a bhaineann le cultas creidimh, leochaileacht an duine agus cumhacht an chairdis. Nuair a thosaíonn buachaill nua sa scoil, tagann athrú ar shaol Éanna. Mar sin a thosaíonn dlúthchairdeas eatarthu agus cuireann teaghlach Shíomón fáilte mhór roimh Éanna, ach tá impleachtaí aige sin ar an mbeirt acu. Bogann an scéal ar aghaidh ar luas an-mhaith ón tús agus casann go sásúil anseo is ansiúd. D'áireoinn é ar cheann de na leabhair is fearr do dhéagóirí atá tagtha ar an margadh le neart blianta anuas. *A new boy comes into school and befriends Éanna, but Éanna soon sees that his new friend's family is involved in a cult.* (Aois 12–14, 15+)





ALICE OSEMAN aistrithe ag EOIN McEVOY

## HEARTSTOPPER 2

FUTA FATA 2025 (BOG) 288LCH €12.95 ISBN 9781915684240

Leanann *Heartstopper 2* ar aghaidh le scéal Nick agus Charlie, lánúin sa mheánscoil agus grúpa cairde aiteacha acu. Is ris lúcháireach é an scéal croíúil seo faoi ghrá, cairdeas agus eispéaras an aosa óig LADTA ar shaol na ndéagóirí agus ar an gcéad chaidrimh. Taispeánann an scéal dúinn nach bhfuil duine ar bith ar domhain a mhothaíonn ina aonar i ndáiríre ina aonar ar chor ar bith. *The second book in this world-renowned LGBTQ+ series has all of the same emotion and energy as its English counterpart.* (Aois 12–14, 15+)





DAVID CHAUVEL aistrithe ag SEAGHÁN Ó MODHRÁIN
maisithe ag JÉRÔME LERECULEY

## LEABHAR BREATNACH: SCÉAL ARTÚIR

DALEN ÉIREANN 2025 (BOG) 116LCH €15.95 ISBN 9781913573768

Is úrscéal grafach é seo lán le drámaíocht, díoltas agus eachtraíocht, suite sa Bhreatain le linn Ré Dhorcha na hEorpa. Úsáidtear friotal fileata san aistriúchán. Cuireann na léaráidí cumhachtacha agus na dathanna gléineacha go mór le drámaíocht an scéil agus cuireann siad na heachtraí i láthair go spraíúil agus go héifeachtach. Is úrscéal agus píosa ealaíne domhain é an leabhar seo, agus tá moladh agus aitheantas tuillte aige. *This graphic novel retells the legend of King Arthur, as he waged wars against Saxons, Irish and Picts through the Dark Ages.* (Aois 15+)





RICHIE CONROY maisithe ag DON CONROY

## DIALANN EMILY PORTER: CAILLTE AGUS AIMSITHE

LeabhairCOMHAR 2024 (BOG) 192LCH €12.00 ISBN 9781739512958

Is déagóir í Emily atá ocht mbliana déag d'aois agus faighimid léargas sa leabhar seo ar na deacrachtaí a bhaineann le hógántacht go minic dá bharr. Úsáidtear Gaeilge shimplí neamhfhoirmeálta, rud a spreagann ceangal láidir idir an léitheoir agus an príomhcharachtar. Tá an scéal suite sna nóchaidí in Éirinn agus tugtar faoi deara le linn an leabhair gurb iomaí cosúlacht atá fós ann leis na fadhbanna agus na buarthaí a bhíonn ag déagóirí anois. Scéal faoin teacht in aois atá oiriúnach do dhéagóirí go príomha, ach taitneamhach do dhaoine fásta freisin. *Set in 1997, Emily Porter returns to the Gaeltacht as an employee in the Irish college and faces the struggles of becoming a young adult.* (Aois 15+)




CELIA De FRÉINE

## AN DARA ROGHA

LeabhairCOMHAR 2021 (BOG) 264LCH €12.00 ISBN 9781919601311

Scéal corraitheach diostóipeach é seo ina bhfuil muintir an domhain ina gcónaí i mBithsféir. Nuair a roghnaíonn na hÚdaráis Emma don chúrsa is tábhachtaí sa choláiste, caithfidh sí féin agus a cara Zara troid ina gcoinne. Spreagfaidh an leabhar seo ceisteanna sa léitheoir faoin treo a bhfuil ár sochaí fhéin ag dul. Má tá fianaise uait go gcuirfidh an leabhar seo buairt ort faoin sochaí, ní gá ach breathnú ar an gcúl – nochtar coincheap 'Feirm na bhFéatas' ann. Oiriúnach d'aon duine fásta. *This dystopian novel will leave the reader questioning the direction of our own society.* (Aois 15+)




IARLA Mac AODHA BHUÍ maisithe ag MARK WICKHAM

## DEARGADH ANOIR

LeabhairCOMHAR 2023 (BOG) 92LCH €10.00 ISBN 9781739255152

Leabhar é seo nach gcuirtear fiacail ann faoi uafáis an chogaidh. Tugtar léargas fíorspéisiúil ann ar ré dhorcha i stair na Spáinne. Éinne a bhfuil dúil acu san eachtraíocht, thaitneodh sé leo agus gach re casadh is lúbadh sa phlota. Cuirtear Alejo sall chuig an Rúis agus é ag súil le teacht abhaile ina shaighdiúir oilte chun troid i gcoinne Franco. Ach cuirtear chuig na trinsí é, áit atá seacht n-uaire níos measa ná aon rud a d'fhulaing sé go dtí seo. Fós féin ní chailleann sé a mhuinín sa chine daonna. Meon níos tábhachtaí ná riamh sa lá atá inniu ann. *Alejo is sent to Russia and expects to return as a trained soldier to fight Franco in Spain, but he is sent to the trenches and faces the horrors of war.* (Aois 15+)





ORNA Ní CHOILEÁIN

## SPÉIRLING

COIS LIFE 2019 (BOG) 204LCH €10.00 ISBN 9781912133727

Leanann an scéal seo saol beirt chairde, Manon agus Líosa, a bhfuil cónaí orthu ar oiléan Aruba. Casann siad le cailín óg aisteach mistéireach a bhfuil tréithe duine ón 'saol eile' aici. Is scéal corraitheach é seo ina gceanglaítear síscéalta, scéalta uafáis faoi vaimpírí, agus béaloideas na hÉireann. Tá dhá scéal, scéal Spéirlinge agus scéal carachtair ón am atá caite darb ainm Cuan, fite fuaite go hoilte sa leabhar. Tarraingíonn gluaiseacht an scéil an léitheoir go buaicphointe tubaisteach eachtrach nach mbeidh an léitheoir ag súil leis. *Fairytales, vampire horror stories and folktales intertwine as Manon and Lisa come across a mysterious young girl from 'another life'.* (Aois 15+)




JO O'DONOGHUE

## TRIÚR AMIGOS

COIS LIFE 2019 (BOG) 114LCH €10.00 ISBN 9781912133703

Scéal é seo faoi chairdeas, cúrsa samhraidh agus cúrsaí saoil daoine óga. Imíonn Eoin, Jeaic agus Ciara chun na Spáinne le freastal ar chúrsa samhraidh, chun teanga nua a fhoghlaim agus saol neamhspleách a bhlaiseadh. Gné thaitneamhach is ea struchtúr nua-aimseartha an scéil, tugtar cuntais agus cur síos éagsúla ar gach duine den triúr ar bhealaí éagsúla, le ríomhphoist agus sraith téacsanna. Insítear an scéal i gcúig chuid, tréimhsí ama ó Aibreán go Lúnasa, agus pléann sé le suíomhanna éagsúla ó Bhaile Átha Cliath go Cádiz sa Spáinn. *Eoin, Jeaic and Ciara travel to Spain for a summer camp and their friendship develops in this novel through emails and texts.* (Aois 15+)




BRYAN LEE O'MALLEY **aistrithe ag** SEANÁN Ó COISTÍN
**athmhaisithe ag** KATELYN McKENNA

## SCOTT PILGRIM (IMLEABHAR 1)

GLIADAR 2024 (BOG) 261LCH €35.00 ISBN 9781738518517

Tá spleodar agus teanntás le brath san úrscéal grafach seo a mheallfaidh léitheoirí sna déaga. Tá Seanán Ó Coistín le moladh as Gaeilge bhlasta a chur ar an insint ach fanacht dílis do thuin chainte daoine óga. Tá cuid de na focail is dual do Scott agus dá chairde graosta go maith sa Ghaeilge, rud nach ionadh ós carachtair sna fichidí iad. Tá an saol athraithe ó foilsíodh an bunleagan in 2004 ach go leor ann fós a thaitneodh le daoine óga na linne seo. Eachtraíocht spleodrach i nGaeilge líofa. *Combining translations of two Scott Pilgrim titles, this follows Scott as he meets Ramona Flowers and discovers that he must defeat her seven evil exes to be with her.* (Aois 15+)




MÁIRE ZEPF

## NÓINÍN

COIS LIFE 2019 (BOG) 273LCH €10.00 ISBN 9781907494949

Déanann Zepf ceist na sábháilteachta agus an chairdis ar líne a chíoradh go híogair agus go healaíonta sa saothar saorvéarsaíochta seo. Déantar beirt phríomhcharachtar, Nóinín agus a cara dílis Eimear, a leanúint agus pléitear ceisteanna a bhaineann leis an ré dhigiteach i rith an scéil. Léirítear dhá thaobh an scéil le linn an leabhair, rud a chuireann go mór leis an reacaireacht. Bainfidh idir dhéagóirí agus léitheoirí fásta taitneamh as an leabhar seo go háirithe as an gcur chuige turgnamhach a chuirtear i bhfeidhm lena linn. *This verse novel follows Nóinín and her friend, Eimear, as Nóinín falls in love with a man she meets online – but when she goes to meet him, Nóinín goes missing.* (Aois 15+)

# LOVE LEABHAR GAEILGE

## Aimsigh an Scéal is Ansa Leat

### Discover Your Favourite Story

Tacaíonn Love Leabhar Gaeilge, i gcomhar le Foras na Gaeilge, le foilsitheoirí agus údair chun leabhair Ghaeilge a chur chun cinn. Tugann muid inspioráid do léitheoirí trí fheachtais mhargaíochta, léirmheasanna, blaganna agus idirghníomhaíocht rialta ar na meáin shóisialta. Bíonn ár bhfoireann i láthair ag imeachtaí ag cruthú ábhair físe, ag cothú pobal bríomhar ar líne agus ag cinntiú go bhfuil an Ghaeilge i lár an aonaigh ag ócaidí ar nós *An Post Irish Book Awards*.

Is céim thábhachtach dúinn í go bhfuil muid ag tacú leis an bhfeachtas iontach seo le Leabhair Pháistí Éireann. Cuireann muid ábhar bolscaireachta ar fáil do shiopaí leabhar agus cuireann muid spotsolas ar roinnt leabhar sa leabhrán seo ar ár suíomh gréasáin, ar ár gcainéil shóisialta agus inár nuachtlitir.

**Aimsigh an scéal is ansa leat** anois trí chlárú dár nuachtlitir le haghaidh an nuacht is déanaí ar leabhair, imeachtaí agus acmhainní.

Bain úsáid as an haischlib **#LoveLeabharGaeilge** agus inis dúinn cén leabhar Gaeilge atá á léamh agat faoi láthair.

*Love Leabhar Gaeilge, in association with Foras na Gaeilge, supports publishers and authors to promote Irish-language books. We provide reading inspiration through marketing campaigns, reviews, blogs, and regular social media engagement. Our team attends events throughout the year, creating video content to nurture our online community of readers, young and old. In addition to ensuring that Irish-language literature continues to grow on the national stage at An Post Irish Book Awards.*

*We are thrilled to support this campaign with Children's Books Ireland. We are providing promotional materials for bookshops and shining a spotlight on selected books from this reading guide on our website, social channels, and newsletter. Register now for our newsletter to 'Discover your favourite story' with our latest news, event highlights, and resources.*

*Use the hashtag **#LoveLeabharGaeilge** on social media to let us know what Irish language book you are reading.*

Tuilleadh eolais - More information: **www.loveleabhargaeilge.ie**
Lean muid - Follow us: **@loveleabhargaeilge @LoveLeabharG**

Foras na Gaeilge

ÁISÍNEACHT DÁILEACHÁIN LEABHAR

IRISH-LANGUAGE BOOK DISTRIBUTION

**Cuireann Áis seirbhís dáileacháin ar fáil d'fhoilsitheoirí Gaeilge agus cinntíonn sé soláthar leabhar Gaeilge ar an margadh.**

**Díolann Áis leabhair Ghaeilge de gach seánra le siopaí leabhar agus díoltóirí leabhar go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.**

**Tá an-bhród ar Áis réimse leathan de sheirbhísí corparáideacha a sholáthar d'ár gcliaint.**

**Cuirfimid fáilte mhór roimh chliaint nua i gcónaí.**

Áis provides a distribution service for Irish-language publishers and ensures a supply of Irish-language books on the market.

Áis sells Irish-language books of all genres to bookshops and booksellers nationally and internationally.

Áis is extremely proud to offer a wide range of corporate services to our clients.

We warmly welcome any potential new clients.

Áisíneacht Dáileacháin Leabhar (Áis),
Aonad 3, Páirc Ghnó Dhún Seachlainn,
Dún Seachlainn,
Co. na Mí,
A85 V624.

+353 1 661 6522 | ais@forasnagaeilge.ie

**www.forasnagaeilge.ie/ais**



LOVE LEABHAR GAEILGE

Foras na Gaeilge

# Foilsitheoirí/Publishers

**An Gúm**

Located in Dublin, the publishing programme of An Gúm covers the following categories: schoolbooks and teaching resources for both the primary and secondary sector; literature for children and young adults; novels and reference works for the general public plus a growing range of e-books.

forasnagaeilge.ie/angum

Distributor: ÁIS

**An tSnáthaid Mhór**

Located in Belfast, County Antrim, An tSnáthaid Mhór is an illustrated content studio that creates and publishes books, e-books, video and animation for children of all ages.

antsnathaidmhor.com

Distributor: ÁIS

**Cló Iar-Chonnacht**

Located in Spiddal, County Galway Cló Iar-Chonnacht publishes Irish-language books and Irish traditional music. They publish a wide range of literature; anthologies of poetry, short stories and songs, novels, teenage fiction, children's books, theses and history books.

cic.ie

Distributor: ÁIS

**Cois Life**

Formerly located in Dublin, Cois Life published literary and research works in the Irish language. They published books for learners of Irish, for young people and also plays, fiction and poetry. They are no longer publishing but their back catalogue is managed by Cló Iar-Chonnacht.

cic.ie

Distributor: ÁIS

**Corcra Media**

Based in Belfast, Corcra Media is an Irish language multimedia company that has made radio documentaries for BBC and RTÉ, as well as the storytelling podcast series 'Tales of Tuatha Dé Danann'. Draíocht an Dúlra is the first book they have published.

https://corcramedia.com/

Distributor: ÁIS

**Dalen Éireann**

Located in Wales, Dalen Éireann specialise in translations of classic graphic novel series. They translate and publish the Franco-Belgian series' Tintin and Asterix, the French series Le Petit Nicholas, the Swedish series Agatan Sacs, the Dutch series Miffy and others.

daleneireann.com

Distributor: ÁIS

**Éabhlóid**

Located in the Donegal Gaeltacht, Éabhlóid publish books in Irish for all age groups. Their catalogue contains a collection of short stories, novels, science fiction, folklore, rhymes and music for young people, poetry and much more.

eabhloid.com

Distributor: ÁIS

**Futa Fata**

Located in Spiddal, County Galway, Futa Fata publish boardbooks for very young children right through to non-fiction for adult readers, with a focus on producing memorable books for young readers. They have a particular interest in music and verse. They also translate and publish the popular Wimpy Kid series, David Walliams, and the Heartstopper series.

futafata.ie

Distributor: ÁIS and Gill

**Gliadar**

Founded in 2024, Gliadar aims to provide the most exciting books in Irish. They have published translations of the first three volumes of Scott Pilgrim, with more soon to come.

www.gliadar.ie

Distributor: Gliadar and ÁIS

**Golden Key**

Based in Skerries, County Dublin, Golden Key are an independent educational and children's book publishing company. They have a portfolio of publications mainly aimed at the Irish secondary school sector.

goldenkey.ie

Distributor: ÁIS

# Foilsitheoirí/Publishers

### LeabhairCOMHAR

Located in Dublin, LeabhairCOMHAR's published works include poetry, plays and short stories, alongside literary texts for adults, historical and informational books, picturebooks and children's literature, academic biographies, thematic collections of poetry and novels for adults learning Irish.

comhar.ie/leabhair

Distributor: ÁIS

### Leabhar Breac

Located in Inverin in the Connemara Gaeltacht, Leabhar Breac publish some co-editions abroad with other publishers, and they publish both fiction and non-fiction, books for adults and teenagers, and picturebooks for young readers here in Ireland.

leabharbreac.com

Distributor: ÁIS

### Little Island Books

Based in Dublin, Little Island Books publishes the best new Irish writing for young readers. They publish one title translation for children and young people into Irish annually.

littleisland.ie

Distributor: ÁIS and Gill

### My Irish Books

Based out of Kells, County Meath, My Irish Books specialises in creating high-quality smart sound books with internal speakers, with the aim of making Irish more accessible, particularly in children's literature. Their focus on diverse themes, including music, culture, and language skills, engaging both children and parents in Irish language and literature.

myirishbooks.ie

Distributor: My Irish Books and Gill

### Oidhreacht Chorca Dhuibhne

Based in Ballyferriter, Co. Kerry, Oidhreacht Chorca Dhuibhne is a local development co-operative that celebrates, promotes and maintains the rich linguistic, archaeological and cultural heritage of Corca Dhuibhne. Their focus is on publishing books by local authors and illustrators.

www.oidhreacht.ie/

Distributor: ÁIS

### Picnic Press

Based in Dublin, Picnic Press is a children's publishing company, passionate about Irish-language books. Picnic Press aims to create books that will encourage parents and children to foster their love of reading Irish-language books for pleasure.

picnicpress.ie

Distributor: ÁIS

### Skein Press

Based in Dublin, Skein Press is an independent writer-centred publishing house. They support writers traditionally underrepresented in Irish literature by publishing beautiful, thought-provoking books. They publish one title translation for children and young people into Irish annually.

skeinpress.com

Distributor: ÁIS and Gill

### The O'Brien Press

Based in Dublin, the O'Brien Press is Ireland's leading general publisher of both adult and children's books. Their list covers a huge range, including biography, humour, photography, history, art, fiction, politics, cookery, sport, music, memoir, true crime and travel. They publish one title translation for children and young people into Irish annually.

obrien.ie

Distributor: Gill

# Dáileoirí/Distrubutors

**Áis**

Bunaíodh Áisíneacht Dáileacháin Leabhar (Áis) in 1980 chun foilseacháin Ghaeilge a dháileadh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Cuireann Áis seirbhís dáileacháin ar fáil d'fhoilsitheoirí Gaeilge agus cinntíonn sé soláthar leabhar Gaeilge ar an margadh.

Tá an-bhród ar Áis réimse leathan de sheirbhísí corparáideacha a sholáthar d'ár gcliaint agus d'ár gcustaiméirí. Cuirfimid fáilte mhór roimh chliaint agus roimh custaiméirí nua i gcónaí.

*Áis, the Irish language book distribution agency, was established in 1980 to distribute Irish language publications nationally and internationally. Áis provides a distribution service for Irish-language publishers and ensures a supply of Irish-language books on the market.*

*Áis is extremely proud to offer a wide range of corporate services to our clients and customers. We warmly welcome any potential new clients and customers.*

forasnagaeilge.ie/ais

**Gill**

Gill is one of Ireland's leading publishers both of educational content for primary and post-primary schools, and of general interest titles on every aspect of Irish life. We also provide distribution services to 50+ client publishers.

Gill Distribution provides warehousing and distribution facilities to a range of domestic and international publishers.

gilldistribution.ie

leabhair
pháistí
éireann
ag cothú léitheoirí

childrensbooksireland.ie
#EveryChildAReader
@kidsbooksirel
@childrensbooksireland
Children's Books Ireland
@kidsbooksirel
@childrensbooksireland.ie

LOVE LEABHAR GAEILGE
Foras na Gaeilge

loveleabhargaeilge.ie
#LoveLeabharGaeilge
@loveleabhargaeilge
@loveleabharg
@LoveLeabharG
@love-leabhar-gaeilge
@loveleabhargaeilge.bsky.social